GA 2024

07

Tuarascáil speisialta

Na córais atá ag an gCoimisiún chun caiteachas neamhrialta AE a aisghabháil

Is féidir níos mó a aisghabháil agus é a dhéanamh níos tapa

CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA

Clár

	Alt
Achoimre feidhmiúcháin	I-VII
Réamhrá	01-18
Caiteachas neamhrialta a aisghabháil ó dhreamanna a fhaigheann cistí ón Aontas	01-06
Córais chun taifead a choimeád den chaiteachas neamhrialta agus de na méideanna atá le haisghabháil	07-09
Róil agus freagrachtaí	10-14
An Coimisiún, na húdaráis náisiúnta agus comhpháirtithe cur chun feidhme	10-12
An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise – OLAF	13
Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh – OIPE	14
An fhaisnéis faoi chaiteachas neamhrialta agus aisghabhálacha atá foilsithe	15-18
Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta	19-24
Barúlacha	25-72
Déanann an Coimisiún taifeadadh cruinn agus pras ar an gcaiteachas neamhrialta faoin mbainistíocht dhíreach agus faoin mbainistíocht indíreach, ach bíonn moilleanna fada i gceist sa phróiseas aisghabhála	25-49
Déanann an Coimisiún taifeadadh cruinn agus pras ar an gcaiteachas neamhrialta	25-28
Ní scrúdaíonn an Coimisiún caiteachas neamhrialta a d'fhéadfadh a bheith sistéimeach i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha ar an gcaoi chéanna is a dhéanann sé é i réimse na mbeartas inmheánach	29-31
Tá moilleanna fada ann ó thaobh caiteachas neamhrialta a aisghabháil faoin mbainistíocht dhíreach agus faoin mbainistíocht indíreach	32-46
Bíonn moilleanna sa phróiseas aisghabhála agus dócmhainneacht na bhféichiúnaithe ag cur isteach ar tharscaoileadh	47-49

Déanann an Coimisiún faireachán ar na córais atá ag na Ballstáit chun caiteachas neamhrialta faoin mbainistíocht chomhroinnte a thaifeadadh agus a aisghabháil, sa chás go mbíonn tionchar ag an gcaiteachas sin ar bhuiséad an Aontais **50-63**

Déanann an Coimisiún faireachán ar na córais aisghabhála atá ag na Ballstáit i gcás cistí talmhaíochta, mar go mbíonn tionchar ag aisghabhálacha ar bhuiséad an Aontais **51-57**

I réimse an chomhtháthaithe, ní dhéanann an Coimisiún faireachán ar chórais aisghabhála na mBallstát mar go ndéantar caiteachas neamhrialta a tharraingt siar agus nach ndéanann sé sin difear do bhuiséad an Aontais **58-63**

Na sonraí maidir le caiteachas neamhrialta a fhoilsíonn an Coimisiún, ní bhíonn siad i gcónaí iomlán agus comhsheasmhach **64-72**

Na sonraí maidir le caiteachas neamhrialta agus bearta ceartaitheacha a fhoilsítear, ní bhíonn siad iomlán i gcónaí **65-68**

Níl comhsheasmhacht i gcónaí sna sonraí maidir le haisghabhálacha **69-72**

Conclúidí agus moltaí **73-79**

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I – Córais chun caiteachas neamhrialta a bhrath, a thaifeadadh agus a thuairisciú, mar aon le bearta ceartaitheacha a rinneadh i gcás sampla de chláir Eorpacha

Iarscríbhinn II – Córais an Choimisiúin Eorpaigh chun caiteachas neamhrialta a bhrath agus chun bearta ceartaitheacha a dhéanamh faoin mbainistíocht dhíreach agus faoin mbainistíocht indíreach

Iarscríbhinn III – Córais na mBallstát chun caiteachas neamhrialta a bhrath agus chun bearta ceartaitheacha a dhéanamh faoin mbainistíocht chomhroinnte

Iarscríbhinn IV – Rátaí aisghabhála an chaiteachais neamhrialta i gcás sampla roghnaithe d'Ardstiúrthóireachtaí sa Choimisiún

Iarscríbhinn V – Aisghabhálacha ó thairbhithe faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta le haghaidh cásanna a braitheadh ó 2007 i leith

Giorrúcháin

Gluais

Freagraí ón gCoimisiún

Amlíne

An fhoireann iniúchóireachta

Achoimre feidhmiúcháin

I Is gné lárnach de chórais rialaithe inmheánaigh an Aontais Eorpaigh é caiteachas neamhrialta a aisghabháil ó thairbhithe de chistí ón Aontas, mar go bhfuil an aisghabháil sin ceaptha leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus faighteoirí a stopadh ó ghníomhaíochtaí neamhrialta a dhéanamh ina dhiaidh sin. Thuairiscigh an Coimisiún go raibh €14 bhilliún de chaiteachas neamhrialta ann sa tréimhse idir 2014 agus 2022.

II Is é a bhí mar chuspóir leis an iniúchadh seo ná measúnú a dhéanamh féachaint an raibh córais éifeachtacha ag an gCoimisiún chun bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar chaiteachas neamhrialta a dhéanann tairbhithe de chistí ón Aontas. Ní mar a chéile na freagrachtaí atá ar an gCoimisiún sa réimse seo ag brath ar an gcineál modha bainistíochta agus ar an réimse beartais de bhuiséad an Aontais. Faoin mbainistíocht chomhroinnte, déanann an Coimisiún an fhreagracht i leith thaifeadadh agus aisghabháil an chaiteachais neamhrialta a tharmligean chuig na Ballstáit, ach is leis an gCoimisiún féin a luíonn an fhreagracht faoi dheoidh. Leis an iniúchadh seo, tá sé mar aidhm againn cabhrú leis an méid cosanta atá ann do leasanna airgeadais an Aontais a mhéadú chomh maith le cabhrú le forbairt a dhéanamh ar chórais éifeachtacha chun caiteachas neamhrialta a aisghabháil ó dhreamanna a fhaigheann cistí ón Aontas.

III Thángamar ar an gconclúid go raibh córais measartha éifeachtacha ag an gCoimisiún chun bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar chaiteachas neamhrialta a thabhaíonn tairbhithe de chistí ón Aontas.

IV Faoin mbainistíocht dhíreach agus faoin mbainistíocht indíreach, cinntíonn an Coimisiún go ndéantar taifeadadh cruinn agus pras ar chaiteachas neamhrialta, ach tógann sé rófhada air an caiteachas sin a aisghabháil. Ní dhéanann an Coimisiún obair leantach ar chaiteachas neamhrialta a d'fhéadfadh a bheith sistéimeach i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha ar an gcaoi chéanna is a dhéanann sé é i réimse na mbeartas inmheánach. Maidir le fiacha atá díscríofa, is iondúil go mbaineann siad sin le féichiúnaithe a bhí i riocht lag ó thaobh an airgeadais de nó a bhí lonnaithe i dtíortha nach bhféadfadh an Coimisiún fiacha a fhorfheidhmiú ina leith sna cúirteanna áitiúla.

V Faoin mbainistíocht chomhroinnte, is ar na Ballstáit atá an fhreagracht phríomha as caiteachas neamhrialta a thaifeadadh agus a aisghabháil, agus déanann an Coimisiún faireachán ar a gcuid córas i réimse na talmhaíochta. Thugamar faoi deara go bhfuil na rátaí aisghabhála ag leibhéal an tairbhí don Chiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) níos ísle go ginearálta ná mar atá na rátaí aisghabhála i gcás na bainistíochta dírí agus na bainistíochta indírí. Thugamar faoi deara freisin nár tháinig aon fheabhas air sin ó 2006 agus go bhfuil difríochtaí suntasacha sna rátaí aisghabhála agus díscríofa ó Bhallstát go chéile. Thairis sin, thug an Coimisiún dreasacht isteach in 2006 a chuideodh leis na Ballstáit fiacha a aisghabháil níos tapa ach níor coinníodh an dreasacht sin in CBT 2023-2027. Sna himthosca sin, d'fhéadfadh sé nach leor ann féin an faireachán a dhéanann an Coimisiún chun feidhmíocht éifeachtach na gcóras aisghabhála sna Ballstáit a áirithiú. I réimse an chomhtháthaithe, tugtar cosaint do bhuiséad an Aontais trí chóras ina ndéanann na Ballstáit suimeanna neamhrialta a tharraingt siar ó chaiteachas deimhnithe. Ní dhéanann an Coimisiún obair leantach ó thaobh a fhiosrú cé chomh mór is a dhéanann Ballstáit an caiteachas neamhrialta atá tarraingthe siar ó thairbhithe a aisghabháil. Is uirlis lárnach atá in aisghabháil suimeanna neamhrialta chun a thabhairt ar thairbhithe gan neamhrialtachtaí eile a dhéanamh ina dhiaidh sin agus chun na rioscaí clú don Aontas Eorpach a íoslaghdú.

VI Thairis sin, tá a úsáidí atá an fhaisnéis a thugann an Coimisiún ar chaiteachas neamhrialta, agus ar na bearta ceartaitheacha a dhéantar ag éirí as sin, teoranta mar nach bhfuil an fhaisnéis sin iomlán i gcónaí agus mar nach gcuirtear i láthair ar bhealach comhsheasmhach í.

VII Molaimid gur cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an tionchar airgeadais atá ag neamhrialtachtaí sistéamacha i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha a scrúdú;
- feabhas a chur ar phleanáil na hoibre iniúchóireachta i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha ionas go laghdófar an t-am a thógann sé a shuíomh go bhfuil caiteachas neamhrialta tarlaithe;
- measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le dreasachtaí breise do na Ballstáit chun feabhas a chur ar rátaí aisghabhála an chaiteachais neamhrialta i réimse na talmhaíochta; agus
- faisnéis iomlán a thabhairt i dtaobh an chaiteachais neamhrialta atá suite agus i dtaobh na mbeart ceartaitheach atá déanta.

Réamhrá

Caiteachas neamhrialta a aisghabháil ó dhreamanna a fhaigheann cistí ón Aontas

01 De réir Airteagail 325(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá an fhreagracht as leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar chalaois agus ar aon neamhrialtacht eile á comhroinnt ag an Aontas agus na Ballstáit. Tá neamhrialtacht sainmhínithe mar aon sárú ar fhoráil atá i gconradh nó rialachán de chuid an Aontais agus a eascraíonn as gníomh nó neamhghníomh atá, nó a d'fhéadfadh a bheith, ina chúis le caillteanas do bhuiséad an Aontais[1]. Nuair a dhéanann neamhrialtacht difear do chaiteachas atá taifeadta i mbuiséad an Aontais, tugtar caiteachas neamhrialta air.

02 Ní foláir don Choimisiún agus do na Ballstáit rialuithe inmheánacha a bheith acu chun buiséad an Aontais a chosaint ar chaiteachas neamhrialta[2]. Déanann siad seiceálacha *ex ante* sula ndéantar oibríochtaí airgeadais a údarú agus a íoc chun a chinntiú nach nglactar le caiteachas neamhrialta agus déanann siad seiceálacha *ex post* tar éis do na hoibríochtaí a bheith údaraithe agus íoctha ionas go mbeifear in ann aon chaiteachas neamhrialta a bhrath agus a cheartú sa chás go gcliseann ar an gcosc[3]. I ***bhFíor 1***, taispeántar an timthriall rialaithe ilbhliantúil atá ag an gCoimisiún chun caiteachas neamhrialta a chosc, a bhrath agus a cheartú.

---

[1] Airteagal 1(2) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint.

[2] Airteagail 36 agus 63 den Rialachán Airgeadais.

[3] *Ibid.,* Airteagail 63 agus 202.

Fíor 1 – An timthriall rialaithe ilbhliantúil atá ag an gCoimisiún chun caiteachas neamhrialta a chosc, a bhrath agus a cheartú



Foinse: CIE, bunaithe ar Thuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht 2022 ón gCoimisiún, Imleabhar II, Iarscríbhinn 2, lch. 51.

03 Nuair a bhraitear caiteachas neamhrialta de dhroim na seiceálacha *ex post*, tá dhá phríomhbheart ann chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint:

- aisghabháil dhíreach ón tairbhí is cúis leis an neamhrialtacht[4]; nó
- ceartúchán airgeadais a fhorchur ar an mBallstát a mhaoinigh an caiteachas neamhrialta mar chúiteamh ar an gcaiteachas sin[5].

[4] *Ibid.*, Airteagail 63(2) agus 202(2).

[5] *Ibid.*, Airteagal 101(8).

04 Don iniúchadh seo, ciallaíonn ‘aisghabháil’ (ar gnách ‘gnóthú’ a thabhairt freisin air) aon bheart chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trína iarraidh go ndéanfaí iomlán nó cuid de na suimeanna a íocadh le heagraíocht cur chun feidhme nó le tairbhí de thionscadal nó clár a fhaigheann tacaíocht ón Aontas a íoc ar ais sa chás nár chloígh an eagraíocht nó an tairbhí sin leis na ceanglais chistiúcháin atá leagtha síos ag an Aontas. Is éard is eagraíochtaí cur chun feidhme ann ná tairbhithe de chistí ón Aontas a sholáthraíonn earraí agus/nó seirbhísí d’fhaighteoirí deiridh agus gurb iad na heagraíochtaí féin atá faoi dhliteanas mura gcomhlíonann siad coinníollacha a gconarthaí nó a gcomhaontuithe.

05 Na heagraíochtaí ar a bhfuil freagracht as clár nó tionscadal a fhaigheann cistiú ón Aontas a bhainistiú (i.e. an Coimisiún faoin mbainistíocht dhíreach; eagraíocht chomhpháirtíochta nó údaráis eile laistigh agus lasmuigh den Aontas faoin mbainistíocht indíreach; agus na húdaráis náisiúnta faoin mbainistíocht chomhroinnte), déanann siad aisghabhálacha ó thairbhithe ar dhá bhealach éagsúla, faoi mar a thaispeántar i ***bhFíor 2***.

Fíor 2 – Suimeanna atá dlite a aisghabháil



Foinse: CIE.

06 Maidir leis na nósanna imeachta atá ann chun caiteachas neamhrialta a aisghabháil ó thairbhithe, bíonn siad sin ag brath ar an gcineál bainistíochta agus ar an réimse beartais de bhuiséad an Aontais. In ***Iarscríbhinn I*** agus in ***Iarscríbhinn III***, tugtar míniú níos mionsonraithe ar na nósanna imeachta rialaithe agus aisghabhála le haghaidh gach aon phríomhréimse beartais. I ***bhFíor 3***, taispeántar na trí chineál bainistíochta a úsáidtear le haghaidh cláir atá á gcistiú ag an Aontas Eorpach.

Fíor 3 – Modhanna bainistíochta



* Níl cistiú faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta curtha san áireamh sa bhainistíocht dhíreach.

Foinse: CIE, bunaithe ar Airteagal 62 den Rialachán Airgeadais agus https://commission.europa.eu/funding-tenders/find-funding/funding-management-mode_ga.

Córais chun taifead a choimeád den chaiteachas neamhrialta agus de na méideanna atá le haisghabháil

07 Tá bunachair sonraí áitiúla don bhainistíocht iniúchóireachta ann ina gcoimeádann an Coimisiún taifead den chaiteachas neamhrialta a bhraitheann sé nó a thuairiscítear chuige i gcás na bainistíochta dírí agus i gcás na bainistíochta indírí. Ina measc sin, tá an Modúl Iniúchóireachta le haghaidh Gníomhaíochtaí Seachtracha agus AUDEX le haghaidh na nArdstiúrthóireachtaí (AS) taighde i réimse na mbeartas inmheánach.

08 A thúisce a dhéantar amach cén tionchar atá ag an gcaiteachas neamhrialta, úsáideann an Coimisiún an fheidhm ar a dtugtar '*Recovery Context*' ina chóras cuntasaíochta (ABAC) chun na suimeanna go léir atá le haisghabháil a thaifeadadh. Baineann '*Recovery Context*' go príomha le réimsí beartais a thagann faoin mbainistíocht dhíreach agus faoin mbainistíocht indíreach, mar i gcás na bainistíochta comhroinnte is ar na Ballstáit atá an fhreagracht as aisghabhálacha a dhéanamh ó thairbhithe, iad sin a thaifeadadh i mórleabhar na bhféichiúnaithe go náisiúnta agus, i gcás ina bhfuil ceanglais ann ina thaobh, na sonraí a thuairisciú don Choimisiún ar bhonn rialta.

09 De réir dhlí an Aontais, tá ar na Ballstáit agus ar thíortha is iarrthóirí don Aontas úsáid a bhaint as an gCóras Bainistíochta Neamhrialtachta (CBNR), atá á bhainistiú ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) thar ceann an Choimisiúin, chun taifead a choimeád de chásanna de chaiteachas neamhrialta (lena n-áirítear cásanna amhrasta agus cásanna suite de chalaois) atá braite acu agus a bhfuil níos mó ná €10 000 de chistí ón Aontas i gceist leo[6]. Is le haghaidh anailís riosca atá sé sin beartaithe, agus ní chun obair leantach a dhéanamh ar aisghabhálacha.

Róil agus freagrachtaí

An Coimisiún, na húdaráis náisiúnta agus comhpháirtithe cur chun feidhme

10 Faoin mbainistíocht dhíreach, is ar Ardstiúrthóireachtaí sa Choimisiún a bhíonn ag bainistiú cláir nó deontais a fhaigheann cistiú ón Aontas atá an fhreagracht as seiceálacha a dhéanamh agus as aon chaiteachas neamhrialta atá braite a aisghabháil. Tugann AS BUDG treoraíocht agus tacaíocht i rith an phróisis aisghabhála.

11 Faoin mbainistíocht indíreach, tá na comhpháirtithe cur chun feidhme ceaptha a chinntiú go bhfuil leibhéal cosanta do chistí ón Aontas ann atá coibhéiseach leis an leibhéal cosanta a thugann an Coimisiún faoi shocrú na bainistíochta dírí. Tá an fhreagracht orthu ó thaobh seiceálacha a dhéanamh agus ó thaobh caiteachas neamhrialta a aisghabháil ó thairbhithe. Sa chás go mbraitear caiteachas neamhrialta de dhroim fhíorú na dtuarascálacha airgeadais a chuirtear ar aghaidh chuig an gCoimisiún, cuireann an Coimisiún iarraidh chuig na comhpháirtithe cur chun feidhme á rá leo na cistí sin ón Aontas a aisíoc. Más infheidhme, iarrann na comhpháirtithe cur chun feidhme, ina sea, ar na tairbhithe deiridh na cistí sin a aisíoc leosan.

---

[6] Tá na gníomhartha dlí ina leagtar amach an tuairisciú ar chaiteachas neamhrialta agus ar úsáid CBNR liostaithe ar leathanach gréasáin OLAF.

12 Faoin mbainistíocht chomhroinnte, is ar na Ballstáit atá an fhreagracht i leith thaifeadadh agus aisghabháil an chaiteachais neamhrialta, ach is leis an gCoimisiún a luíonn an fhreagracht faoi dheoidh as dearbhú a thabhairt i dtaobh an chórais atá curtha ar bun ag na Ballstáit chun na cistí a bhainistiú. Is ar na húdaráis sna Ballstáit atá an fhreagracht phríomha as seiceálacha a dhéanamh agus as caiteachas neamhrialta a aisghabháil go díreach ó na tairbhithe. Gach bliain, tuairiscíonn siad torthaí a gcuid seiceálacha ar úsáid chistí an Aontais chuig an gCoimisiún. Déanann an Coimisiún iniúchtaí chun éifeachtacht na gcóras atá ag na Ballstáit a mheasúnú agus is féidir leis ceartúcháin airgeadais a fhorchur má bhraitheann sé go bhfuil laigí sna córais sin a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar bhuiséad an Aontais.

An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise – OLAF

13 Déanann OLAF imscrúdú ar chásanna amhrasta de chaiteachas neamhrialta, bídís calaoiseach nó neamhchalaoiseach, agus ansin seolann sé tuarascálacha ar na himscrúduithe sin chuig institiúidí an Aontais nó chuig na húdaráis sna Ballstáit a mbaineann na cásanna sin leo. Is féidir leis a mholadh freisin cad í an ghníomhaíocht araíonachta, riaracháin, airgeadais nó dlí ba chóir dóibh a dhéanamh. Ina chuid moltaí airgeadais, iarrann OLAF ar an Aontas Eorpach nó ar na húdaráis náisiúnta, de réir mar is iomchuí, na cistí ón Aontas a bhí faoi réir caiteachas neamhrialta calaoiseach nó neamhchalaoiseach a aisghabháil.

Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh – OIPE

14 Is comhlacht neamhspleách de chuid an Aontais é OIPE, a bunaíodh in 2017, a bhfuil sé de chumhacht aige coireanna in aghaidh bhuiséad an Aontais, amhail calaois, éilliú nó calaois thromchúiseach thrasteorann CBL, faoi mar a shainmhínítear i dTreoir CLA agus i Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle, a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a thabhairt chun breithiúnais. Chuir sé tús lena chuid oibre i Meitheamh 2021. I gcomhréir le comhaontú comhair a shínigh an Coimisiún agus OIPE, nuair a chuireann OIPE tús le himscrúdú bunaithe ar fhaisnéis a bhíonn curtha ar fáil ag an gCoimisiún, cuireann sé an méid sin in iúl don Choimisiún agus tugann sé leordhóthain faisnéise dó le go bhféadfaidh an Coimisiún bearta ceartaitheacha a dhéanamh, amhail cistí atá íoctha go míchuí a aisghabháil.

An fhaisnéis faoi chaiteachas neamhrialta agus aisghabhálacha atá foilsithe

15 I ***bhFíor 4***, taispeántar na doiciméid atá foilsithe ag an gCoimisiún ina bhfuil faisnéis maidir le caiteachas neamhrialta, bearta ceartaitheacha agus aisghabhálacha de chaiteachas neamhrialta.

Fíor 4 – Doiciméid maidir le caiteachas neamhrialta agus aisghabhálacha atá foilsithe ag an gCoimisiún



Foinse: CIE, bunaithe ar thuarascálacha TBG, TBBF agus CLA atá foilsithe ag an gCoimisiún.

16 I Roinn 5.4 d'Iarscríbhinn 5 a ghabhann le TBBF 2022, tugtar na figiúirí le haghaidh aisghabhálacha ó dhreamanna a thairbhigh de chaiteachas neamhrialta a braitheadh agus a aisíocadh, nó atá le haisíoc le buiséad an Aontais; féach ***Tábla 1***.

Tábla 1 – Tuairisciú TBBF ar orduithe aisghabhála a eisíodh le haghaidh caiteachas neamhrialta in 2021 agus 2022 (milliúin euro)

Ceannteideal CAI	Aisghabhálacha 2021	Aisghabhálacha 2022
An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach	19	27
Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna	Neamhbhainteach *	Neamhbhainteach *
Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol	191 *, **	220 *, **
Imirce agus Bainistiú Teorainneacha	1 *	1 *
Slándáil agus Cosaint	0	0
An Chomharsanacht agus an Domhan	21	16
An Riarachán Poiblí Eorpach	0	1

* Ní áirítear ceartúcháin a chuir an Coimisiún i bhfeidhm i leith na mBallstát. I réimse an chomhtháthaithe, déantar caiteachas a bhíonn tarraingthe siar go díreach ag na Ballstáit a thuairisciú sa TBG agus sa TBBF.

** Rinneadh an tsuim seo a aisíoc le buiséad an Aontais sa bhreis ar €118 milliún (€244 mhilliún in 2021) ar bhain na Ballstáit athúsáid as.

Foinse: CIE, bunaithe ar bhearta coisctheacha agus ceartaitheacha i Roinn 5.4 de TBBF 2022 agus de TBBF 2021.

17 Chomh maith leis sin, tugann an Coimisiún achoimre sa TBBF ar na suimeanna atá tarscaoilte ag gach aon Ardstiúrthóireacht[7]. In 2023, thuairiscigh an Coimisiún go raibh fiacha de luach €40 milliún tarscaoilte aige in 2022[8] (€31 mhilliún in 2021). Baineann na figiúirí sin le tarscaoiltí ar fhiacha den uile chineál, agus ní díreach aisghabhálacha na gcaiteachas neamhrialta.

[7] I gcomhréir le hAirteagal 101(5) den Rialachán Airgeadais.

[8] Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht 2022, Iarscríbhinn 9.

18 Is €14 bhilliún a bhí i méid iomlán an chaiteachais neamhrialta (idir chalaoiseach agus neamhchalaoiseach) a tuairiscíodh i dtuarascálacha CLA le haghaidh bhuiséad an Aontais i gcomhair thréimhse 2014-2022. Áiríonn sé sin €10.7 billiún i gcás an bheartais comhtháthaithe agus i gcás réimse an iascaigh, mar a raibh ar na Ballstáit an caiteachas neamhrialta a tharraingt siar a thúisce is a braitheadh é, agus dá réir sin ní dhéanann an tsuim sin difear do bhuiséad an Aontais. I ***bhFíor 5***, tugtar miondealú de réir réimse beartais agus de réir bliana.

Fíor 5 – Caiteachas neamhrialta a tuairiscíodh in 2014-2022 (milliúin euro)



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí arna soláthar ag OLAF.

Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta

19 Is é a bhí mar chuspóir leis an iniúchadh seo ná measúnú a dhéanamh féachaint an raibh córais éifeachtacha ag an gCoimisiún chun bainistiú a dhéanamh ar aisghabháil an chaiteachais neamhrialta a thabhaíonn tairbhithe de chistí ón Aontas. Chlúdaíomar cláir de chuid an Aontais don tréimhse idir 2014 agus 2021 inar tharla na haisghabhálacha ba shuntasaí faoin mbainistíocht dhíreach, faoin mbainistíocht indíreach agus faoin mbainistíocht chomhroinnte: beartais inmheánacha; gníomhaíochtaí seachtracha; agus an beartas comhtháthaithe agus an talmhaíocht (faoi seach).

20 A mhéid a bhaineann leis an mbainistíocht dhíreach agus leis an mbainistíocht indíreach, arb ar an gCoimisiún atá an fhreagracht as caiteachas neamhrialta a shainaithint agus a thaifeadadh agus ansin na cistí sin a aisghabháil, rinneamar measúnú ar cé chomh héifeachtach is a bhí córais an Choimisiúin. Ba é sin príomhfhócas na hiniúchóireachta. I réimse na bainistíochta comhroinnte, cuireann na rialacháin an fhreagracht as aisghabháil cistí atá caite go neamhrialta ar iontaoibh na mBallstát, ach is leis an gCoimisiún a luíonn an fhreagracht faoi dheoidh as dearbhú a thabhairt. Ós rud é go raibh scóip ár n-iniúchóireachta dírithe isteach ar an gCoimisiún, rinneamar measúnú – don réimse seo – féachaint an áirithíonn an faireachán a dhéanann an Coimisiún go bhfuil córais éifeachtacha ag na Ballstáit. I gcás gach ceann de na modhanna bainistíochta, rinneamar measúnú freisin féachaint an ndéanann an Coimisiún tuairisciú iomchuí ar chaiteachas neamhrialta agus ar aisghabhálacha sna príomhdhoiciméid maidir le cuntasacht atá foilsithe aige.

21 Bhí AS BUDG bainteach leis an obair iniúchóireachta, mar aon leis na hArdstiúrthóireachtaí is suntasaí ó thaobh aisghabháil suimeanna de réir a gcuid TBGanna le haghaidh 2021 (AS CNECT agus AS RTD do na beartais inmheánacha; agus AS INTPA agus AS NEAR do ghníomhaíochtaí seachtracha) chomh maith leis na hArdstiúrthóireachtaí ceannais faoin mbainistíocht chomhroinnte (AS REGIO agus AS EMPL don bheartas comhtháthaithe agus AS AGRI don talmhaíocht).

22 Níor chlúdaigh an iniúchóireacht an méid seo a leanas:

- aisghabhálacha cistí nár úsáideadh, a mbaineann a bhformhór mór díobh sin le réamh-mhaoiniú (nach caiteachas é), mar go ndearnadh na cistí sin a aisghabháil mar gheall nár úsáideadh iad (seachas aisghabháil a dhéanamh mar gheall ar chaiteachas neamhrialta);

- ceartuithe airgeadais a chuireann an Coimisiún i bhfeidhm ar na Ballstáit i réimse na talmhaíochta agus i réimse an chomhtháthaithe, nó aistarraingtí a rinne na húdaráis sna Ballstáit, mar gur dhéileáil muid leis an gceist sin i dtuarascálacha speisialta roimhe seo[9];

- na córais atá ag na Ballstáit chun caiteachas neamhrialta i réimse an chomhtháthaithe agus sna cláir forbartha tuaithe a aisghabháil, mar go rabhamar ag díriú isteach ar na seiceálacha a dhéanann an Coimisiún chun faireachán a dhéanamh ar cé chomh héifeachtach is a bhí na córais aisghabhála sna Ballstáit; agus

- an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, mar go bhfuil tuarascáil speisialta foilsithe cheana féin againn ar an dearadh atá ar chórais an Choimisiúin chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint[10] agus go bhfuil sé beartaithe againn tuarascáil speisialta ar chórais rialaithe RRF sna Ballstáit a fhoilsiú in 2024.

---

[9] Tuarascáil speisialta 08/2011, Tuarascáil speisialta 04/2017 agus Tuarascáil speisialta 14/2022.

[10] Tuarascáil speisialta 07/2023.

23 Chuir an t-iniúchadh fianaise le chéile ó raon foinsí, lena n-áirítear:

- léirbhreithniú ar na córais a úsáidtear chun caiteachas neamhrialta a bhrath agus a thaifeadadh, agus ansin an caiteachas sin a aisghabháil ó na tairbhithe;
- anailís ar shonraí as bunachar sonraí bainistíochta ABAC an Choimisiúin maidir leis na haisghabhálacha a rinneadh, maidir leis na haisghabhálacha atá fós le déanamh agus maidir leis na haisghabhálacha a díscríobhadh idir 2014 agus 2022, chun comparáid a dhéanamh idir feidhmíocht an Choimisiúin i réimsí éagsúla;
- léirbhreithnithe ar an obair leantach a rinneadh ar shampla de 144 thuarascáil i ndáil le hiniúchtaí agus fíorúcháin ar thuarascálacha airgeadais maidir le caiteachas a fuair cistiú ón Aontas (bunaithe ar mhéid na suimeanna a seiceáladh agus lena n-áirítear na cineálacha éagsúla seiceálacha), sampla de 75 ordú aisghabhála as na 858 a bhí oscailte ag deireadh 2021 (bunaithe ar aois agus méid na suimeanna) agus sampla de 52 tharscaoileadh a rinneadh ar orduithe aisghabhála as na 113 a eisíodh in 2021 (bunaithe ar mhéid) le haghaidh na gceithre ardstiúrthóireacht a roghnaíodh don bhainistíocht dhíreach agus don bhainistíocht indíreach. Aon uair ab fhéidir, cuireadh cásanna OLAF agus cásanna Chúirt Iniúchóirí na hEorpa san áireamh sna samplaí; agus
- scrúdú ar an bhfaisnéis maidir le caiteachas neamhrialta agus aisghabhálacha in 2022 agus 2023 atá foilsithe ag an gCoimisiún (míreanna ***15***-***18***), lena n-áirítear imréiteach leis na foinsí sonraí a úsáideadh, agus é mar aidhm leis sin measúnú a dhéanamh féachaint an raibh an fhaisnéis sin iomlán agus comhsheasmhach.

24 Tá sé mar aidhm againn leis an tuarascáil seo cabhrú leis an méid cosanta atá ann do leasanna airgeadais an Aontais a mhéadú chomh maith le cabhrú le forbairt a dhéanamh ar chórais éifeachtacha chun caiteachas neamhrialta a aisghabháil ó thairbhithe de chistí ón Aontas.

Barúlacha

Déanann an Coimisiún taifeadadh cruinn agus pras ar an gcaiteachas neamhrialta faoin mbainistíocht dhíreach agus faoin mbainistíocht indíreach, ach bíonn moilleanna fada i gceist sa phróiseas aisghabhála

Déanann an Coimisiún taifeadadh cruinn agus pras ar an gcaiteachas neamhrialta

25 Bheimis ag dréim leis go ndéanfadh córais an Choimisiúin faoin mbainistíocht dhíreach agus faoin mbainistíocht indíreach a chinntiú go ndéantar caiteachas neamhrialta a thaifeadadh i gceart agus in am sna bunachair sonraí bhainistíochta ábhartha ionas gur féidir bearta ceartaitheacha a dhéanamh chomh luath agus is féidir. In ainneoin go mbíonn cuspóirí éagsúla á leagan síos agus á saothrú faoin mbainistíocht dhíreach agus faoin mbainistíocht indíreach, tá na nósanna imeachta chun caiteachas neamhrialta a thaifeadadh agus a aisghabháil mar a chéile.

26 Maidir leis na hArdstiúrthóireachtaí oibríochtúla le haghaidh Taighde agus Nuálaíocht i réimse buiséadach na mbeartas inmheánach (lena n-áirítear AS CNECT agus AS RTD) a roghnaíodh don iniúchóireacht seo, tá Comhsheirbhís Iniúchóireachta (CSI) curtha ar bun acu le haghaidh roghnú na ráiteas airgeadais ó thionscadail faoin mbainistíocht dhíreach nó faoin mbainistíocht indíreach a bhfuil iniúchóireacht le déanamh orthu. Déanann CSI na hiniúchtaí airgeadais *ex post* lena fhoireann féin, nó fostaíonn sé gnólachtaí iniúchóireachta príobháideacha trí úsáid a bhaint as creatchonradh chun na seiceálacha a dhéanamh agus déanann ionadaí ó CSI faireachán ar an méid sin. Déanann CSI agus na hiniúchóirí fostaithe na príomhfhionnachtana a phlé leis na heagraíochtaí cur chun feidhme le linn nós imeachta sáraíochta, agus ina dhiaidh sin déantar mionsonraí an chaiteachais neamhrialta atá braite, lena n-áirítear caiteachas neamhrialta a bhfuil nádúr sistéimeach agus/nó athfhillteach ag gabháil leis, a aistriú go huathoibríoch agus ar an bpointe ón mbunachar sonraí iniúchóireachta go dtí an bunachar sonraí bainistíochta. Déanann CSI anailís freisin ar ráitis airgeadais eile a bhíonn curtha isteach ag na heagraíochtaí cur chun feidhme céanna, a bhféadfadh sé go bhfuil an caiteachas neamhrialta sistéimeach céanna ag imirt tionchar orthu sin. Ansin, is féidir leis na hArdstiúrthóireachtaí oibríochtúla lena mbaineann nós imeachta sáraíochta gearr eile a dhéanamh ar bhonn foirmiúil trína ndéantar fógra a thabhairt do na heagraíochtaí cur chun feidhme maidir leis an gcaiteachas atá diúltaithe.

27 Maidir leis na hArdstiúrthóireachtaí oibríochtúla agus toscaireachtaí AE i réimse buiséadach na ngníomhaíochtaí seachtracha, lena n-áirítear AS INTPA agus AS NEAR, a roghnaíomar don iniúchóireacht seo, úsáideann siad comhaontú creatchonartha chun gnólachtaí iniúchóireachta príobháideacha a fhostú ar mhaithe le hiniúchtaí nó fíorúcháin a dhéanamh ar chaiteachas le haghaidh oibríochtaí atá á mbainistiú go díreach nó go hindíreach. Tá Bainisteoirí um Thascanna Iniúchóireachta freagrach as faireachán a dhéanamh ar a ndul chun cinn agus as idirchaidreamh a choinneáil ar siúl idir na heagraíochtaí cur chun feidhme agus na hiniúchóirí fostaithe go dtí go mbeidh a gcuid tuarascálacha curtha ar aghaidh chuig an gCoimisiún acu.

28 Léirigh ár gcuid seiceálacha ar shampla de 144 thuarascáil ar iniúchtaí agus fíorúcháin maidir le hoibríochtaí faoin mbainistíocht dhíreach agus faoin mbainistíocht indíreach go ndearna an Coimisiún an caiteachas neamhrialta a thaifeadadh i gceart ina bhunachair sonraí bhainistíochta laistigh de laethanta ó fuair sé tuarascálacha na n-iniúchóirí.

Ní scrúdaíonn an Coimisiún caiteachas neamhrialta a d'fhéadfadh a bheith sistéimeach i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha ar an gcaoi chéanna is a dhéanann sé é i réimse na mbeartas inmheánach

29 Bheimis ag dréim leis go mbeadh na suimeanna a thaifeadtar mar chaiteachas neamhrialta ina léiriú ar an tionchar iomlán atá acu. Maidir le caiteachas neamhrialta de nádúr sistéimeach, bíonn seiceálacha eile ag teastáil chun a shuíomh cén tionchar atá aige.

30 Thugamar faoi deara nuair a bhraitear caiteachas neamhrialta a d'fhéadfadh a bheith sistéimeach sna gníomhaíochtaí seachtracha, nach gá do na hiniúchóirí fostaithe leathnú a dhéanamh ar na samplaí d'idirbhearta atá á seiceáil. Chomh maith leis sin, ní dhéanann an Coimisiún aon seiceálacha breise as a stuaim féin ar an gcaiteachas faoi iniúchóireacht ná ar chaiteachas eile a fhaigheann maoiniú ón Aontas a bhfuil na heagraíochtaí cur chun feidhme céanna bainteach leo.

31 Tá Creat-Chomhaontú Airgeadais agus Riaracháin (CCAR) bunaithe ag an gCoimisiún agus ag na Náisiúin Aontaithe mar bhunús don chomhoibriú eatarthu. Leis an gComhthuiscint maidir le húsáid na dtéarmaí tagartha le haghaidh fíorúcháin ar chaiteachas, cuirtear teorainn le cé chomh mór atá na samplaí is féidir le fíoraitheoirí a roghnú chun incháilitheacht oibríochta a bhí á bainistiú ag gníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe le cistí ón Aontas a sheiceáil[11]. I ***mBosca 1***, taispeántar an chaoi a gcuireann an creat reatha teorainn le caiteachas neamhrialta sistéimeach a bhrath agus leis an aisghabháil a éiríonn as sin.

Bosca 1

Teorainneacha ar an gcaiteachas neamhrialta sistéimeach a bhraitear

D'fhíoraigh an t-iniúchóir an caiteachas a bhí dearbhaithe ag gníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe le haghaidh comhaontú ranníocaíochta leis an Aontas Eorpach. Thuairiscigh an t-iniúchóir i dtaobh 19.2 % den sampla a roghnaíodh i gcomhréir le CCAR go raibh sé neamh-incháilithe agus tháinig an t-iniúchóir ar an gconclúid go raibh na hearráidí forleatach. Ní fhéadfadh an t-iniúchóir aon seiceálacha eile a dhéanamh chun nádúr sistéimeach an chaiteachais neamhrialta a dheimhniú, agus is é an caiteachas neamhrialta a fuarthas sa sampla teoranta a seiceáladh, agus é sin amháin, a rinne an Coimisiún a aisghabháil.

Tá moilleanna fada ann ó thaobh caiteachas neamhrialta a aisghabháil faoin mbainistíocht dhíreach agus faoin mbainistíocht indíreach

32 Is gné lárnach de na córais rialaithe inmheánaigh é caiteachas neamhrialta a bhrath agus an caiteachas sin a aisghabháil ó na heagraíochtaí cur chun feidhme, mar go bhfónann sé mar bhealach chun a thabhairt ar eagraíochtaí gan gníomhaíochtaí neamhrialta a dhéanamh sa todhchaí. Ba cheart caiteachas neamhrialta a bhrath agus a cheartú a thúisce is féidir ionas gur dóchúla go ndéanfar an aisghabháil sula leachtaítear eagraíochtaí cur chun feidhme nó sula mbeidh siad imithe ar throigh gan tuairisc.

[11] Tuarascáil bhliantúil 2020, lch. 312, mír 34.

33 Inár n-athbhreithniú ar shampla d'iniúchtaí agus d'fhíorúcháin a rinneadh ar na tuarascálacha airgeadais a cuireadh isteach chuig ceithre Ardstiúrthóireacht, is léir gur thug na hArdstiúrthóireachtaí a mbearta ceartaitheacha chun críche in 135 as 144 chás. Chun go ríomhfaimis an t-airmheán den achar ama a thógann sé ar an gCoimisiún na ceithre phríomhchéim a dhéanamh idir gníomhaíochtaí a ndearnadh iniúchóireacht orthu a chríochnú agus orduithe aisghabhála a eisiúint (a bhfuil achoimre ar an méid sin i ***bhFíor 6***), bhaineamar úsáid as sonraí ó na cásanna inár sampla.

Fíor 6 – Moilleanna suntasacha sular féidir leis an gCoimisiún orduithe aisghabhála a eisiúint, 2020-2021

(mionna)



Sa bhreis air sin, is iondúil go dteastaíonn 6 agus 5 mhí ó AS INTPA agus AS NEAR (faoi seach) chun tús a chur le nósanna imeachta conarthacha le hiniúchóirí fostaithe. Níl an fhaisnéis sin ar fáil le haghaidh AS RTD ná AS CNECT.

Nóta: Níl na sonraí atá ag teastáil chun a ríomh cá mhéad lá a bhíonn caite sula n-iarrtar iniúchadh a dhéanamh le fáil in AUDEX. Maidir leis na figiúirí don am a bhí ag teastáil chun iniúchtaí a chríochnú, tógadh iad sin ón bpobal iomlán mar nach raibh sé indéanta sonraí atá sonrach do AS CNECT agus AS RTD a fháil.

Foinse: CIE, bunaithe ar an mbunachar sonraí don mhodúl Iniúchóireachta agus ar bhunachar sonraí AUDEX, agus ar dhoiciméid a chuir an Coimisiún ar fáil.

34 Má chuirimid leis sin an t-achar ama a thógann sé iniúchtaí a iarraidh agus a dhéanamh, agus ansin an t-achar ama a thógann sé na torthaí a phlé sula n-eisítear orduithe aisghabhála, léiríonn ár n-anailís go mbíonn moilleanna suntasacha ann sula n-iarrtar ar na heagraíochtaí cur chun feidhme aon chaiteachas neamhrialta a braitheadh le linn na seiceálacha ar dhearbhuithe caiteachais a íoc ar ais:

- go hiondúil, thóg sé 14 mhí ar an dá Ardstiúrthóireacht taighde (AS CNECT agus AS RTD) orduithe aisghabhála a eisiúint ó thús na n-iniúchtaí, i gcomparáid le 23 mhí agus 18 mí i gcás AS INTPA agus AS NEAR;

- chomh maith leis sin, ba ghnách le AS INTPA agus AS NEAR 6 mhí agus 5 mhí a chaitheamh chun tús a chur leis an nós imeachta maidir le conarthaí le haghaidh gnólachtaí iniúchóireachta príobháideacha i ndiaidh dheireadh na tréimhse a bhí clúdaithe ag na tuarascálacha airgeadais a bhí le cur faoi iniúchóireacht. Ní raibh ar ár gcumas na hamanna a fhreagraíonn dó sin a fháil le haghaidh AS CNECT agus AS RTD, mar nach gcuirtear an fhaisnéis sin in AUDEX i.e. a gcóras bainistithe iniúchóireachta.

35 I gcás gníomhaíochtaí seachtracha, cé go bpléann na hiniúchóirí fostaithe a gcuid fionnachtana leis na heagraíochtaí cur chun feidhme sula gcuireann siad a dtuarascálacha ar aghaidh chuig an gCoimisiún, tugann an Coimisiún faoi nós imeachta sáraíochta iomlán eile leis na heagraíochtaí cur chun feidhme (***Iarscríbhinn I***). Mar a léirítear i ***bhFíor 6***, tógann sé seo i bhfad níos faide ná an nós imeachta atá ann do na hArdstiúrthóireachtaí taighde i réimse na mbeartas inmheánach, mar a nglacann CSI páirt i nósanna imeachta sáraíochta idir na hiniúchóirí agus na heagraíochtaí cur chun feidhme, rud a fhágann nach mbíonn le déanamh ag na hArdstiúrthóireachtaí oibríochtúla ach nós imeachta sáraíochta foirmiúil a dhéanamh a mhaireann, de ghnáth, níos lú ná aon mhí amháin (mír ***26***).

36 Is féidir leis na moilleanna fada sin an bonn a bhaint óna éifeachtaí atá iniúchtaí agus aisghabháil na gcaiteachas neamhrialta, go háirithe i gcás tairbhithe beaga, a bhféadfadh sé mar gheall air sin nach bhféadfaí a áirithiú i gcónaí go bhfuil an fhianaise thacaíochta is gá ar fáil (féach an sampla i ***mBosca 2***).

Bosca 2

Ní raibh doiciméid tacaíochta ar fáil a thuilleadh agus ní fhéadfadh na tairbhithe aon chuid de na cistí a fuarthas a íoc ar ais

Rinne iniúchóir ar thionscadal a bhí á bhainistiú ag eagraíocht neamhrialtasach áitiúil san Afraic caiteachas neamhrialta sa chaiteachas a bhí dearbhaithe a thuairisciú mar nach raibh doiciméid tacaíochta ann. Dúirt an eagraíocht cur chun feidhme nach raibh an eagraíocht neamhrialtasach ná eagraíochtaí neamhrialtasacha beaga áitiúla eile, a thug gníomhaíochtaí an tionscadail chun críche ceithre bliana roimhe sin, in ann na doiciméid a bhí ar iarraidh a fháil a thuilleadh, in ainneoin go raibh reachtaíocht ann a chuir de cheangal ar na tairbhithe go léir na doiciméid a choinneáil go ceann tréimhse 5 bliana. Ní raibh cuid de na heagraíochtaí neamhrialtasacha ann a thuilleadh agus bhí cuid eile acu nach raibh in ann an méid a bhí iarrtha ag an gCoimisiún a íoc ar ais. Ag tráth na hiniúchóireachta a rinneamarna, bhí an Coimisiún ag smaoineamh ar na fiacha a tharscaoileadh mar gheall gur léirigh an mheastóireacht a bhí déanta aige go ndearnadh na gníomhaíochtaí ina n-iomláine agus gur dhócha gur mó an costas a bhainfeadh le himeachtaí dlí ná an tsuim a bhféadfaí a bheith ag dréim lena aisghabháil.

Nóta: Tá coimeád doiciméad tacaíochta rialáilte sna conarthaí trína ndéantar foráil Airteagal 132 den Rialachán Airgeadais a thrasuí.

37 Mar atá mínithe i mír ***35***, tá bearta ceartaitheacha an Choimisiúin i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha bunaithe ar an tionchar airgeadais a bhí ag caiteachas neamhrialta a bhí coinnithe i ndiaidh na nósanna imeachta sáraíochta idir an Coimisiún agus na heagraíochtaí cur chun feidhme a tharla tar éis do na hiniúchóirí fostaithe a gcuid tuarascálacha a eisiúint. Ríomhamar as na sonraí inár sampla go ndearna AS INTPA agus AS NEAR an caiteachas neamhrialta a bhí nochta sna tuarascálacha iniúchóireachta críochnaitheacha a laghdú 35 % agus 38 % (faoi seach) ar an meán le linn a gcuid pléití leis na heagraíochtaí cur chun feidhme. Bhí cuid mhaith cúiseanna leis na laghduithe sin, ar nós doiciméid tacaíochta nár tugadh do na hiniúchóirí nó nár ghlac na hiniúchóirí leo mar fhianaise leordhóthanach a bheith á soláthar ag na heagraíochtaí cur chun feidhme (féach an sampla i ***mBosca 3***). Bheadh próiseas sáraíochta an Choimisiúin i bhfad níos éifeachtúla dá mba rud é gur in éineacht leis na hiniúchóirí fostaithe a dhéanfaí é, agus ar an gcaoi sin d'fhágfaí ar lár an gá a bheadh le caiteachas neamhrialta tuairiscithe a phlé nó a athcheartú ag tráth níos faide anonn.

Bosca 3

I ndiaidh a nós imeachta sáraíochta féin, ghlac an Coimisiún le formhór an chaiteachais a bhí tuairiscithe mar chaiteachas neamhrialta ag na hiniúchóirí

An gnólacht iniúchóireachta seachtrach a d'fhíoraigh an caiteachas le haghaidh clár a fuair maoiniú ón Aontas, thuairiscigh sé cásanna éagsúla de chaiteachas neamhrialta. Bhain an chuid is mó den chaiteachas sin le costais foirne nach bhféadfaí bonn cirt a thabhairt lena n-aghaidh mar nár coimeádadh bileoga ama mar fhianaise den mhéid ama a cuireadh chun dochair don chlár. Rinne an eagraíocht idirnáisiúnta a bhí ag bainistiú an chláir agóid láidir ina aghaidh sin, á mhaíomh go raibh lear mór ama caite ón tréimhse a bhí faoi iniúchóireacht agus nár thug an t-iniúchóir an deis di an fhianaise go léir a sholáthar. Ghlac an Coimisiún le cuid de na doiciméid tacaíochta a chuir an eagraíocht cur chun feidhme ar fáil níos déanaí, agus chomhaontaigh sé nach raibh bileoga ama ag teastáil le haghaidh na ndaoine sin den fhoireann a bhí ag obair go lánaimseartha ar an gclár. D'fhág sé sin go ndearna an Coimisiún laghdú 63 %, i gcomparáid lena sheasamh tosaigh, ar an tsuim a bhí le haisghabháil.

38 De réir an Rialacháin Airgeadais, nuair a shuíonn oifigeach údarúcháin de chuid an Choimisiúin go bhfuil ordú aisghabhála le déanamh, ba cheart dóibh nótaí dochair a sheoladh láithreach chuig an bhféichiúnaí ina luaitear an méid atá dlite, bunús an éilimh, an dáta a bhfuil an íocaíocht dlite agus an uimhir chuntais bainc don íocaíocht. Mura n-íocann an féichiúnaí na suimeanna cuí faoi na dátaí dlite, gearrtar ús ar na riaráistí[12]. Ansin, seolann Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin meabhrúchán amháin ar a laghad chuig an bhféichiúnaí, agus litir fógra fhoirmiúil ina dhiaidh sin, sula gcuirtear tús le haisghabháil forfheidhmithe. A thúisce a bhíonn an dáta dlite istigh, is féidir leis an Oifigeach Cuntasaíochta freisin ráthaíocht ar bith a d'fhéadfadh a bheith taiscthe ag an bhféichiúnaí a ghlaoch isteach, nó is féidir na fiacha a fhritháireamh in aghaidh aon suim nó suimeanna atá fós le híoc leis an bhféichiúnaí[13].

[12] Airteagal 98 den Rialachán Airgeadais.

[13] *Ibid.*, Airteagal 102.

39 Rinneamar athbhreithniú freisin ar shampla rioscabhunaithe de 75 ordú aisghabhála a bhí oscailte (gan íoc) ag deireadh 2021 agus a bhí san áireamh i TBGanna na gceithre Ardstiúrthóireacht a bhí roghnaithe againn don bhainistíocht dhíreach agus don bhainistíocht indíreach. Is é a bhí mar aidhm leis sin ná chun measúnú a dhéanamh ar cé chomh héifeachtach is a bhí an próiseas atá ag an gCoimisiún chun fiacha a aisghabháil. I ***bhFíor 7***, taispeántar an t-airmheán de na hachair ama a bhain leis na céimeanna ina dhiaidh sin den phróiseas chun fiacha a aisghabháil.

Fíor 7 – Moilleanna sna nósanna imeachta aisghabhála i dtaca le sampla d'orduithe aisghabhála a bhí oscailte amhail an 31 Nollaig 2021

(míonna)



An t-achar ama chun meabhrúchán a sheoladh: an t-achar a thóg sé ar an gCoimisiún meabhrúchán a sheoladh chuig féichiúnaí tar éis éag an dáta dlite atá socraithe don fhéichiúnaí chun na fiacha a íoc.

An t-achar ama chun fógra foirmiúil a sheoladh: an t-achar, tar éis seoladh an mheabhrúcháin, a thóg sé ar an gCoimisiún fógra foirmiúil a sheoladh mar fholáireamh don fhéichiúnaí i dtaobh imeachtaí dlí.

An t-achar ama chun tús a chur le forfheidhmiú: an t-achar a thóg sé ar an oifigeach údarúcháin, tar éis an fógra foirmiúil a bheith seolta, a iarraidh go foirmiúil ar Sheirbhís Dlí an Choimisiúin tús a chur leis an bpróiseas forfheidhmithe.

Foinse: CIE, bunaithe ar Stóras Sonraí ABAC.

40 I gcinneadh ón gCoimisiún in 2018 maidir le nósanna imeachta inmheánacha, deirtear gur cheart don Choimisiún meabhrúcháin a sheoladh chuig na féichiúnaithe laistigh de 21 lá ón sprioc-am chun an íocaíocht iomlán atá ag dul in éag a fháil, agus gur cheart an litir fógra fhoirmiúil a sheoladh i ndiaidh 21 lá eile. Ní dhearna na hArdstiúrthóireachtaí sa sampla de réir na sprioc-amanna sin de ghnáth. Níl aon sprioc-am leagtha síos maidir lena iarraidh go gcuirfeadh Seirbhís Dlí an Choimisiúin tús le nósanna imeachta forfheidhmithe. Léiríonn ár n-anailís go mbaineann an mhoill is mó lena iarraidh ar an tSeirbhís Dlí tús a chur le himeachtaí forfheidhmithe in aghaidh na bhféichiúnaithe tar éis don Choimisiún meabhrúcháin agus fógraí foirmiúla a sheoladh chucu.

41 Ina thogra chun na rialacha aisghabhála a mhodhnú sa Rialachán Airgeadais[14], d'admhaigh an Coimisiún go mbíonn na nósanna imeachta aisghabhála atá aige faoi láthair níos faide agus níos costasaí nuair:

- a athraíonn féichiúnaithe an sainchónaí gan an Coimisiún ná an chlárlann oifigiúil a chur ar an eolas faoi sin;
- a bhíonn ar an gCoimisiún dlíodóirí agus oifigigh forfheidhmithe áitiúla a íoc chun obair leantach a dhéanamh ar chás lena mbaineann céimeanna éagsúla nós imeachta dlí sa Bhallstát; agus
- a bhíonn na féichiúnaithe dócmhainneach agus go mbíonn ar an gCoimisiún faisnéis a bhailiú chun éileamh a tharscaoileadh.

42 Rinneamar anailís ar shonraí maidir le horduithe aisghabhála le haghaidh caiteachas neamhrialta a bhí eisithe ag na ceithre Ardstiúrthóireacht chéanna idir 2014 agus 2022. I ***bhFíor 8***, taispeántar na príomhtháscairí feidhmíochta san aisghabháil fiachais.

[14] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú), COM(2022)223 final, Airteagal 104.

Fíor 8 – Socraíodh 75 % ar a laghad de shuim iomlán na n-orduithe aisghabhála a eisíodh, ach bhí moilleanna fada ann (2014-2022)



Foinse: CIE, bunaithe ar Stóras Sonraí ABAC.

43 Léiríonn na sonraí gur mó deacrachtaí a bhí ag Ardstiúrthóireachtaí na gníomhaíochta seachtraí (AS INTPA agus AS NEAR) fiacha a aisghabháil, mar go bhfuil na rátaí aisghabhála níos ísle agus go bhfuil na fiacha a bhí fós gan íoc ag deireadh 2022 níos airde ná mar a bhí i gcás na nArdstiúrthóireachtaí taighde (AS CNECT agus AS RTD). D'fhéadfadh sé go léiríonn sé sin na timpeallachtaí éagsúla ina mbíonn gníomhaíochtaí seachtracha agus beartais inmheánacha ag feidhmiú. Tá sé an-dúshlánach do AS INTPA fiacha a aisghabháil mar go bhfuil eagraíochtaí cur chun feidhme atá lonnaithe i 130 tír i gceist leis na hoibríochtaí faoi bhainistíocht dhíreach atá faoina chúram.

44 In 2022, thug AS BUDG treoraíocht[15] do ranna an Choimisiúin maidir le hobair leantach a dhéanamh ar aisghabhálacha a bhaineann le himscrúduithe a bhí ar siúl ag OLAF agus OIPE, agus é mar aidhm leis an treoraíocht sin go ndéanfaí níos mó a aisghabháil in achar níos giorra ama. Tagraíodh sa doiciméad don obair leantach ar mholtaí airgeadais a bhí eisithe ag OLAF idir 2012 agus 2020, á thabhairt ar aire nach ndearnadh ach 27 % a aisghabháil fiú agus gur fhéach na hArdstiúrthóireachtaí le thart ar 50 % dá luach iomlán a aisghabháil.

[15] 'Obair leantach ar aisghabhálacha a mhéid a bhaineann le cásanna de chalaois amhrasta agus le neamhrialtachtaí eile: Treoraíocht do ranna an Choimisiúin', dar dáta Feabhra 2022.

45 D'áitigh an treoraíocht chéanna ar na hoifigigh údarúcháin a shuíomh cad iad na suimeanna a bhí infhaighte agus freisin orduithe aisghabhála a eisiúint gan mhoill, chomh fada agus nach mbeadh sé sin ag cur isteach ar imscrúduithe a bhí ar siúl ag OLAF agus OIPE. Chomh maith leis sin, foráladh inti d'fhaireachán agus tuairisciú níos fearr ar aisghabhálacha a bhaineann leis na himscrúduithe sin.

46 In 2024, tar éis dúinn an obair allamuigh a bheith críochnaithe againn, mhol AS BUDG tionscnamh nua chun moilleanna suntasacha sa phróiseas aisghabhála ar fud an Choimisiúin a laghdú[16]. Dúradh sa doiciméad nach bhfaigheann an próiseas aisghabhála aird chuí ón mbainistíocht i gcónaí agus go mbíonn gá le níos mó acmhainní (go cionmhar) lena aghaidh mar gheall ar nósanna imeachta anásta. Thug AS BUDG ar aire go raibh €450 milliún d'fhiacha thar am a n-íoca i nDeireadh Fómhair 2023. Seo a leanas bearta nua a moladh i gcás na bainistíochta dírí agus i gcás na bainistíochta indírí:

- ceanglais an Rialacháin Airgeadais a chainníochtú sna caighdeáin feidhmíochta don aisghabháil;
- comparáid feidhmíochta a bheith san fhaireachán agus tuairisciú ar chomhlíontacht;
- cuntasacht threisithe, le sásraí formhéadaithe chorparáidigh; agus
- páirtlárú chun sineirgí agus éifeachtúlachtaí a bhaint amach trí chónascadh a dhéanamh ar chinntí um tharscaoileadh le haghaidh orduithe aisghabhála a bhfuil na féichiúnaithe céanna i gceist leo ach atá á mbainistiú ag ranna éagsúla sa Choimisiún.

Bíonn moilleanna sa phróiseas aisghabhála agus dócmhainneacht na bhféichiúnaithe ag cur isteach ar tharscaoileadh

47 Tugann an Rialachán Airgeadais cead don Choimisiún fiacha a dhíscríobh tríd an ordú aisghabhála a fhreagraíonn dóibh a tharscaoileadh ina iomláine nó trí chuid den ordú sin a tharscaoileadh[17]. Ní féidir é sin a dhéanamh ach i gcásanna áirithe, ar nós nuair a bhíonn na costais aisghabhála atá measta níos mó ná an méid atá le haisghabháil, nó nuair nach féidir na fiacha a aisghabháil mar gheall ar aois nó dócmhainneacht an fhéichiúnaí.

---

[16] Teachtaireacht chuig an gCoimisiún: 'Straitéis chorparáideach fheabhsaithe maidir le bainistiú féichiúnaithe an Choimisiúin' dar dáta Feabhra 2024.

[17] Airteagal 101(2) den Rialachán Airgeadais.

48 Taispeánann TBGanna 2021 na gceithre Ardstiúrthóireacht go ndearna an Coimisiún €10 milliún a tharscaoileadh i gcaitheamh na bliana (2020: €8 milliún). Rinneamar athbhreithniú ar shampla de 52 de na 113 tharscaoileadh a d'eisigh na ceithre Ardstiúrthóireacht den Choimisiún in 2021 chun a mheasúnú ar chomhlíon siad nósanna imeachta aisghabhála an Choimisiúin agus an raibh bonn cirt leis na cúiseanna do dhíscríobh na bhfiach. Déantar achoimre ar na cúiseanna a bhí leis an tarscaoileadh i bhFíor 9.

Fíor 9 – Cúiseanna le tarscaoileadh, 2021



Foinse: CIE, bunaithe ar Stóras Sonraí ABAC.

49 Bunaithe ar an léirbhreithniú a rinneamar ar na doiciméid a chuir an Coimisiún ar fáil dúinn, fuaireamar go raibh bonn cirt leordhóthanach aige leis na fiacha a tharscaoileadh agus go raibh iarracht déanta roimhe sin aige na fiacha sin a aisghabháil. Mar gheall ar mhoilleanna fada a bhain le nósanna imeachta forfheidhmithe a thionscnamh, áfach, bhí laghdú ar a dhóchúla a bhí sé na fiacha a aisghabháil. Sa bhreis air sin, tugaimid ar aire go raibh na féichiúnaithe i riocht lag ó thaobh an airgeadais de nó nach raibh siad toilteanach glacadh leis na hiarmhairtí a bhaineann le gan na ceanglais a d'éirigh as cistiú ón Aontas a chomhlíonadh. Ní raibh an Coimisiún in ann leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar bhealach leordhóthanach sna himthosca sin mar nach raibh aon ráthaíochtaí aige le glaoch isteach agus mar nach raibh aon íocaíochtaí ann chun na fiacha a fhritháireamh ina n-aghaidh (Bosca 4).

Bosca 4

Rinneadh fiacha a dhíscríobh mar go raibh deacrachtaí forfheidhmithe ann lasmuigh den Aontas Eorpach

D'iarr an Coimisiún ar thrí eagraíocht neamhrialtasacha a bhí lonnaithe i réigiún na hÁise/an Aigéin Chiúin an réamh-mhaoiniú a bhí faighte acu a íoc ar ais tar éis dóibh a dhiúltú ceanglais a gcuid conarthaí deontais a chomhlíonadh. Dhiúltaigh na heagraíochtaí neamhrialtasacha na cistí a bhí faighte acu a íoc ar ais, agus mheas an dlíodóir áitiúil a bhí fostaithe ag Seirbhísí Dlí an Choimisiúin go mbeadh na speansais dlí ard ach, chomh maith leis sin, chreid an dlíodóir nach móide go mbeadh rath ar aon chaingean dlí. Is amhlaidh nár thug an tír ina raibh na heagraíochtaí neamhrialtasacha aitheantas do bhreithiúnais forfheidhmithe na gcúirteanna Eorpacha, agus is beag sócmhainní a bhí ag na heagraíochtaí neamhrialtasacha. B'éigean na trí cinn d'fhiacha a dhíscríobh.

Déanann an Coimisiún faireachán ar na córais atá ag na Ballstáit chun caiteachas neamhrialta faoin mbainistíocht chomhroinnte a thaifeadadh agus a aisghabháil, sa chás go mbíonn tionchar ag an gcaiteachas sin ar bhuiséad an Aontais

50 Nuair a bhraitear caiteachas neamhrialta i réimse na talmhaíochta agus i réimse an chomhtháthaithe, cuireann an dlí Eorpach agus náisiúnta de cheangal ar na Ballstáit íocaíochtaí nach raibh dlite do na tairbhithe (lena n-áirítear pionóis agus ús, más infheidhme) a aisghabháil uathu. Scrúdaíomar an ndéanann an Coimisiún faireachán éifeachtach lena chinntiú go ndéanann na Ballstáit caiteachas neamhrialta a thaifeadadh i gceart agus a aisghabháil gan aon mhoill mhíchuí.

Déanann an Coimisiún faireachán ar na córais aisghabhála atá ag na Ballstáit i gcás cistí talmhaíochta, mar go mbíonn tionchar ag aisghabhálacha ar bhuiséad an Aontais

51 Déantar cistí talmhaíochta a chaitheamh trí bhíthin íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí an Aontais, trí bhíthin bearta margaidh nó trí bhíthin cláir forbartha tuaithe a bhíonn á gcur chun feidhme ag na Ballstáit. Sa bhunús dlí atá ann don Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT), leagtar síos ceanglas ginearálta atá ar na húdaráis náisiúnta aon chaiteachas neamhrialta a thaifeadadh laistigh de 18 mí ón uair a shuitear gur tharla an caiteachas neamhrialta sin, agus na suimeanna atá dlite a chlárú i mórleabhar na bhféichiúnaithe ag an tráth a dhéantar an iarraidh ar aisghabháil[18].

52 I gcás íocaíochtaí díreacha agus bearta margaidh (An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta – CERT), ní foláir do na Ballstáit aon aisghabháil a dhéanann siad (lúide táille riaracháin) a aisíoc isteach i mbuiséad an Aontais. Is é an chaoi a ndéantar an aisíocaíocht ná tríd an aisghabháil a dhealú ón gcaiteachas a bheadh le fógairt don Choimisiún sa chéad éileamh míosúil eile ar speansais. I gcás na forbartha tuaithe (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe – CETFT), is féidir leis na Ballstáit na suimeanna go léir a bhíonn aisghafa ó na tairbhithe acu a athúsáid, ach amháin gur laistigh den chlár céanna is féidir leo é sin a dhéanamh. Cuireann AS AGRI de cheangal ar na gníomhaireachtaí íocaíochta aisghabháil fiacha a leanúint suas laistigh de bhliain amháin ón teagmhas nó gníomhaíocht deiridh atá ábhartha de réir an nós imeachta náisiúnta is infheidhme. Más rud é go ndéanann gníomhaireacht íocaíochta fiacha a dhíscríobh tar éis gach beart is féidir a bheith déanta aici chun an caiteachas neamhrialta a aisghabháil[19], is féidir léi an tsuim a chur chun dochair do bhuiséad an Aontais. Mura ndéantar é sin, is é an buiséad náisiúnta a chaithfidh an caillteanas a sheasamh.

---

[18] Airteagal 54 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 .

[19] Airteagal 54 (3) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 .

53 I dtuarascálacha a d'fhoilsíomar roimhe seo, in 2004 agus in 2011, rinneamar measúnú ar aisghabháil íocaíochtaí neamhrialta faoi CBT[20]:

- In 2004, fuaireamar go raibh ráta an-íseal d'aisghabháil íocaíochtaí neamhrialta ann faoi dheireadh 2002 (ráta aisghabhála carnach de 17 % ó 1971 i leith) agus go raibh méid mór de sheanfhiacha ann nach ndearnadh a aisghabháil ná a dhíscríobh. Fuaireamar freisin nach raibh critéir shoiléire ann maidir lena chinneadh ar chóir íocaíochtaí neamhrialta nach bhféadfaí a aisghabháil a chur chun dochair do na Ballstáit nó do bhuiséad an Aontais, agus mholamar don Choimisiún aghaidh a thabhairt air sin.

- In 2006, mar thoradh ar ár moladh, tugadh isteach an riail 50/50, rud a thug dreasacht do na Ballstáit fiacha a aisghabháil níos tapa. Mura raibh aisghabháil déanta laistigh de cheithre bliana ón dáta a eisíodh an t-ordú aisghabhála, nó laistigh de 8 mbliana sa chás gur tugadh an aisghabháil os comhair na gcúirteanna náisiúnta, bheadh ar an mBallstát i dtrácht 50 % d'iarmhairtí airgeadais na neamh-aisghabhála a sheasamh agus is é buiséad an Aontais a sheasfadh an 50 % eile – gan dochar don cheanglas atá ar an mBallstát dul i mbun nósanna imeachta aisghabhála[21]. Tá tábhacht mar sin leis an dáta a thugtar aitheantas do na fiacha ó thaobh chur i bhfeidhm na rialach.

- In iniúchadh a rinneamar in 2011, thángamar ar an gconclúid go bhfuil feabhas tagtha ar na córais atá ag na Ballstáit chun caiteachas neamhrialta a aisghabháil, leis an ráta aisghabhála ag sroicheadh thart ar 50 % i ndáil le fiacha ar tháinig ann dóibh ó 2006. Bhí sé sin amhlaidh freisin mar gheall ar an riail 50/50. Mar sin féin, tharraingíomar aird ar an bhfíoras gur chruthaigh an riail an riosca go ndéanfadh Ballstáit an próiseas tuairiscithe agus díscríofa a 'bhainistiú' chun a leasa féin, go sonrach trí mhoill a chur ar an dáta a thugtar aitheantas do na fiacha ionas go mbeidís in ann cur i bhfeidhm na haisghabhála a sheachaint nó a chur siar (agus mar thoradh air sin go rachadh na fiacha chun dochair don bhuiséad náisiúnta).

---

[20] Tuarascáil speisialta 03/2004 ar aisghabháil íocaíochtaí neamhrialta faoin gComhbheartas Talmhaíochta; Tuarascáil speisialta 08/2011 ar aisghabháil íocaíochtaí neamhdhlite a rinneadh faoin gComhbheartas Talmhaíochta.

[21] Airteagal 32(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1290/2005 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2005.

54 Rinneamar anailís ar na sonraí maidir leis na rátaí aisghabhála don Chiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus don Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT):

- I gcás CERT, is €2.4 billiún a bhí i suim fhoriomlán an chaiteachais neamhrialta a braitheadh sa tréimhse idir 2007 agus 2022. Bhí 52 % aisghafa faoi dheireadh 2022, cé go raibh an 48 % eile díscríofa (9 %) nó fós amuigh (39 %)[22]. Thugamar faoi deara go raibh difríochtaí suntasacha sa ráta aisghabhála agus sa ráta díscríofa ó Bhallstát go chéile, faoi mar a thaispeántar in ***Iarscríbhinn V***. Bhí na rátaí aisghabhála idir 17 % agus 92 %, cé go raibh na rátaí tarscaoilte idir 0 % agus 48 %.

- I gcás CETFT, ní thugann AS AGRI aon ráta aisghabhála ina TBG. Bunaithe ar na figiúirí a fuaireamar ó AS AGRI, rinneamar amach gur 78 % a bhí sa mheánráta aisghabhála don tréimhse idir 2015 agus 2021 (san áit a raibh sonraí ar fáil).

- Trí chomparáid a dhéanamh idir na rátaí aisghabhála in CERT agus CETFT i dtréimhsí comhchosúla (2015-2021), tugaimid ar aire i gcás an ráta aisghabhála le haghaidh CETFT – mar ar féidir leis na Ballstáit athúsáid a bhaint as na cistí atá athghafa agus mar a bhfuil airgead náisiúnta i gceist trí chómhaoiniú – go bhfuil sé go suntasach níos airde (78 %) ná mar atá i gcás CERT (49 %).

- Tá na rátaí aisghabhála ar leibhéal an tairbhí i gcás CERT níos ísle go ginearálta ná na rátaí aisghabhála do na cláir a scrúdaíomar le haghaidh bainistíocht dhíreach agus le haghaidh bainistíocht indíreach (***Iarscríbhinn IV***).

55 Rinneamar athbhreithniú freisin ar na torthaí a bhí ar an bhfaireachán a rinne AS AGRI ar chórais aisghabhála na mBallstát le haghaidh bhliain airgeadais 2021. Shainaithin AS AGRI agus comhlachtaí deimhniúcháin laigí i dtaifeadadh agus in aisghabháil caiteachas neamhrialta in 18 ngníomhaireacht íocaíochta as na 76. Bhain na laigí le moilleanna fada (os cionn 18 mí) sa taifeadadh a rinne na gníomhaireachtaí íocaíochta ar chaiteachais neamhrialta a bhí braite acu, nó laigí sa tuairisciú a rinne na comhlachtaí deimhniúcháin, ar nós gan an ceanglas ó thaobh aisghabháil a iarraidh ar na tairbhithe a chomhlíonadh nó gan leanúint suas a dhéanamh ar fhiacha gan íoc.

[22] Tábla: Iarscríbhinn 7 – 5.4-2 ar lch. 239 de Thuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí 2022 ó AS AGRI – Iarscríbhinní.

56 Nuair nach ndéileálann na Ballstáit le laigí a shainaithníonn na comhlachtaí deimhniúcháin sna córais aisghabhála, is féidir le AS AGRI ceartuithe airgeadais a chur i bhfeidhm faoi chuimsiú imréiteach na gcuntas nó trí nósanna imeachta um imréiteach comhréireachta, agus chuir sé ceartuithe airgeadais i bhfeidhm le haghaidh €513 mhilliún i gcaitheamh thréimhse 2010-2023. I gcás fhormhór na ngníomhaireachtaí íocaíochta ag a raibh laigí san aisghabháil, agus a tuairiscíodh le haghaidh bhliain airgeadais 2021, bhí obair leantach AS AGRI fós ar siúl ag an am a rinneamar an iniúchóireacht. I ***mBosca 5***, tugtar sampla de ghníomhaíocht leantach.

Bosca 5

Ceartú airgeadais a chuir AS AGRI i bhfeidhm mar gheall ar laigí sa chóras aisghabhála a bhí ag gníomhaireacht íocaíochta na Cróite

Shainaithin comhlacht deimhniúcháin na Cróite cásanna ina raibh an sprioc-am 18 mí atá leagtha síos sa Rialachán caite faon am a chuir an ghníomhaireacht íocaíochta tús leis an aisghabháil. Faoi chuimsiú an nós imeachta um imréiteach na gcuntas, d'iarr AS AGRI ar an gCróit anailís chríochnúil a dhéanamh ar na cásanna go léir d'fhiacha a bhí aici. Dá thoradh sin, dheimhnigh údaráis na Cróite go raibh 411 chás ann lenar bhain laigí ina chóras aisghabhála (CERT agus CETFT) agus gur €0.8 milliún a bhí sa tsuim faoi riosca. Chuir AS AGRI ceartú airgeadais i bhfeidhm a bhí ag freagairt don tsuim sin.

57 Níor coinníodh an riail 50/50 mar chuid de na ceanglais bainistithe aisghabhála a tugadh isteach do CBT 2023-2027, agus níor cruthaíodh aon dreasachtaí eile le teacht ina hionad. D'uireasa na rialach 50/50 (ba chúis le €234 mhilliún a íoc ar ais le buiséad an Aontais i gcaitheamh thréimhse 2015-2022) nó d'uireasa dreasacht eile ar nós na ndreasachtaí a tugadh isteach don fhorbairt tuaithe (mír ***54***, an 3ú pointe urchar) nó don chomhtháthú (míreanna ***58***-***63***), measaimid go bhfuil an baol ann go dtiocfaidh meath ar na rátaí aisghabhála ar leibhéal bhuiséad an Aontais i réimse na talmhaíochta.

I réimse an chomhtháthaithe, ní dhéanann an Coimisiún faireachán ar chórais aisghabhála na mBallstát mar go ndéantar caiteachas neamhrialta a tharraingt siar agus nach ndéanann sé sin difear do bhuiséad an Aontais

58 Rinneadh an creat rialaithe agus dearbhaithe don chaiteachas i réimse an chomhtháthaithe a mhodhnú i gclárthréimhse 2014-2020 trína chur de cheangal ar na Ballstáit pacáistí dearbhaithe bliantúla a chur faoi bhráid an Choimisiúin, lena n-áirítear cuntais dheimhnithe a mbíonn ar an gCoimisiún glacadh leo gach bliain. Bhí athruithe sa chaoi a ndéanann na Ballstáit caiteachas neamhrialta a leanúint suas agus a cheartú i gceist leis an modhnú sin.

59 Bíonn ar na húdaráis bhainistíochta sna Ballstáit seiceálacha a dhéanamh sula ndéantar caiteachas deimhnithe a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún, agus arís tar éis don chaiteachas deimhnithe a bheith curtha ar aghaidh. Má aimsíonn siad neamhrialtachtaí sa chaiteachas atá aisíoctha ag an Aontas, ach nach bhfuil curtha ar aghaidh fós chuig an gCoimisiún sna cuntais bhliantúla, bíonn orthu an caiteachas neamhrialta a thaifeadadh agus an caiteachas sin a tharraingt siar go díreach as na cuntais. Nuair a aimsítear neamhrialtachtaí i gcaiteachas atá curtha isteach cheana féin chuig an gCoimisiún, tá an rogha ag na Ballstáit an caiteachas sin a tharraingt siar ar an bpointe sa chéad iarraidh eile ar íocaíocht, nó is féidir leo é a thaifeadadh sna cuntais mar aisghabháil atá le déanamh agus ansin an tsuim sin a tharraingt siar as caiteachas an Aontais a thúisce a bhíonn an tsuim féin aisghafa. I gclárthréimhse 2021-2027, níl an dara rogha atá díreach luaite againn ar fáil a thuilleadh agus ní foláir do na Ballstáit an caiteachas neamhrialta a tharraingt siar[23].

60 Sula gcuireann údaráis iniúchóireachta náisiúnta cuntais dheimhnithe ar aghaidh chuig an gCoimisiún, seiceálann siad éilimh na dtairbhithe trí shamplaí a roghnú as an gcaiteachas a bhí curtha isteach roimhe sin chuig an gCoimisiún i gcaitheamh na bliana cuntasaíochta. Tugtar achoimre ar an obair iniúchóireachta a bhíonn déanta acu sa Tuarascáil Bhliantúil ar Rialú. Ba chóir aon chaiteachas neamhrialta atá braite a thaifeadadh i gcóras an Bhallstáit.

[23] Airteagal 98(3) de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021.

61 De réir an bhunúis dlí do réimse an chomhtháthaithe, bíonn ar na Ballstáit caiteachas neamhrialta a cheartú agus suimeanna atá íoctha go míchuí leis na tairbhithe a aisghabháil, mar aon le haon ús ar na suimeanna sin[24]. Ba chóir do na Ballstáit bearta ceartaitheacha a dhéanamh laistigh de 12 mhí ón uair a bhraitear caiteachas neamhrialta, agus tús a chur leis an nós imeachta um aisghabháil laistigh de na 12 mhí ina dhiaidh sin[25]. Tá treoirlínte eisithe ag an gCoimisiún chun cabhrú leis na húdaráis náisiúnta ó thaobh caiteachas neamhrialta a aisghabháil ó na tairbhithe. Sna treoirlínte sin, deir an Coimisiún gur saincheist don Bhallstát é aisghabháil a dhéanamh ar aon chaiteachas neamhrialta atá aistarraingthe[26].

62 Is ar na húdaráis deimhniúcháin sna Ballstáit atá an fhreagracht as na cuntais a dheimhniú. Chomh maith leis sin, ní foláir do na húdaráis deimhniúcháin tuairisciú go bliantúil chuig an gCoimisiún faoi na méideanna atá tarraingthe siar, atá aisghafa, atá fós le haisghabháil (aisghabhálacha atá ar feitheamh) nó nach féidir a aisghabháil.

63 Déanann an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme na n-aisghabhálacha mar chuid dá athbhreithniú deisce ar na pacáistí dearbhaithe bliantúla. Cé go ndéantar buiséad an Aontais i réimse an chomhtháthaithe a chosaint go ginearálta a thúisce a bhíonn méideanna neamhrialta tarraingthe siar ag na Ballstáit, ní dhéanann an Coimisiún aon obair leantach féachaint an ndearna na Ballstáit an caiteachas neamhrialta atá tarraingthe siar a aisghabháil ó na tairbhithe. Má chreideann tairbhithe de thionscadail a fhaigheann maoiniú ón Aontas nach bhfuil bearta ceartaitheacha éifeachtach, is uirlis lárnach atá in aisghabháil suimeanna neamhrialta chun a thabhairt ar thairbhithe gan neamhrialtachtaí eile a dhéanamh ina dhiaidh sin agus chun na rioscaí clú don Aontas Eorpach a íoslaghdú.

---

[24] Airteagal 122(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013.

[25] Airteagal 2 (e) agus (f) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/568 ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2016.

[26] Treoraíocht do na Ballstáit maidir le suimeanna atá tarraingthe siar, atá aisghafa nó atá le haisghabháil, agus maidir le suimeanna nach féidir a aisghabháil – Athbhreithniú 2018, lch. 7

Na sonraí maidir le caiteachas neamhrialta a fhoilsíonn an Coimisiún, ní bhíonn siad i gcónaí iomlán agus comhsheasmhach

64 Foilsíonn an Coimisiún roinnt tuarascálacha éagsúla ina bhfuil sonraí maidir le caiteachas neamhrialta agus faisnéis faoi ghníomhaíochtaí iardain chun na suimeanna sin a aisghabháil (míreanna ***15***-***18***). Bheimis ag dréim leis go mbeadh sonraí iomlána agus comhsheasmhacha faoin gcaiteachas neamhrialta atá braite i gcaiteachas an Aontais ar fáil do gheallsealbhóirí sna tuarascálacha sin agus go gcuirfí in iúl iontu cén chaoi ar leanadh suas agus ar ceartaíodh é. Léireodh sé sin go bhfuil formhaoirseacht thrédhearcach agus stóinseach ann.

Na sonraí maidir le caiteachas neamhrialta agus bearta ceartaitheacha a fhoilsítear, ní bhíonn siad iomlán i gcónaí

65 Maidir leis na sonraí atá foilsithe le haghaidh na bainistíochta dírí agus le haghaidh na bainistíochta indírí, is é a bhfuil iontu ná na bearta coisctheacha (caiteachas neamh-incháilithe nach n-áirítear sna héilimh chostais) agus na bearta ceartaitheacha (orduithe aisghabhála atá eisithe) a rinne an Coimisiún a chur chun feidhme i gcaitheamh na bliana. Ní thugann na doiciméid a fhoilsíonn an Coimisiún sonraí i dtaobh caiteachas neamhrialta a bhraitheann sé i gcaitheamh na bliana agus a thaifeadann sé ina bhunachair sonraí áitiúla. Tá sonraí an Choimisiúin maidir le bearta coisctheacha agus ceartaitheacha bunaithe ar an mbliain cur chun feidhme, agus níl siad bunaithe ar an uair a rinneadh an caiteachas neamhrialta a bhrath. Mar a thaispeánann ***Fíor 6***, d'fhéadfadh suas go dtí trí mhí de dhifríocht a bheith idir na hamanna sin – ag brath ar an Ardstiúrthóireacht. Dá bhrí sin, níl sé indéanta figiúirí a fháil don chaiteachas neamhrialta a braitheadh i gcaitheamh na bliana, ná níl sé indéanta a dhéanamh amach cén chaoi ar dhéileáil an Coimisiún leis sin.

66 I gcás na bainistíochta comhroinnte, ní thugann an TBG ná an TBBF le haghaidh AS AGRI figiúr foriomlán don chaiteachas neamhrialta a braitheadh de dhroim seiceálacha agus iniúchtaí a rinneadh i gcaitheamh na bliana le haghaidh CBT, ná ní luaitear na bearta ceartaitheacha a lean as na seiceálacha agus iniúchtaí sin. Ní thugann an Coimisiún figiúr foriomlán don chaiteachas neamhrialta a taifeadadh i gcaitheamh na bliana cuntasaíochta i gcás réimse an chomhtháthaithe. Dar leis an gCoimisiún: mar gheall go ndéanann na Ballstáit caiteachas neamhrialta a tharraingt siar as a gcuid cuntas deimhnithe, tá an caiteachas sin eisiata as cuntais an Aontais agus ní gá é a thuairisciú.

67 In TBGanna Ardstiúrthóireachtaí an chomhtháthaithe, tugtar na sonraí atá tuairiscithe ag na Ballstáit do na ceartuithe airgeadais a cuireadh chun feidhme i gcaitheamh na bliana ag éirí as seiceálacha, iniúchtaí agus imscrúduithe. Is €557.6 milliún le haghaidh AS REGIO agus €67.9 milliún le haghaidh AS EMPL (amhail in Aibreán 2022) a bhí sna figiúirí le haghaidh bhliain chuntasaíochta 2020/2021[27]. Ar an iomlán, rinneadh €625.5 milliún a bhrath agus a tharraingt siar as an gcaiteachas a cuireadh ar aghaidh chuig an gCoimisiún agus a bhí le cómhaoiniú ag an Aontas. Ní thuairiscíonn an Coimisiún cén sciar de na suimeanna sin a rinneadh a aisghabháil ó na tairbhithe, mar nach bhfuil aon tionchar aige ar chuntais an Aontais.

68 Is í tuarascáil CLA, agus í sin amháin, a thugann sonraí ar bith maidir leis an gcaiteachas neamhrialta faoin mbainistíocht chomhroinnte. Dúradh i dTuarascáil CLA 2021[28] gur thuairiscigh na Ballstáit €30 milliún i gcaiteachas neamhrialta calaoiseach, agus €204 mhilliún i gcaiteachas neamhrialta neamhchalaoiseach, i gcás na talmhaíochta tríd an gCóras Bainistíochta Neamhrialtachtaí. Is €1 624 mhilliún agus €812.9 milliún (faoi seach) na figiúirí atá ag freagairt dó sin i réimse an chomhtháthaithe. Ba chóir a thabhairt ar aire gur suimeanna aonair atá os cionn €10 000, agus iadsan amháin, a thuairiscítear sa tuarascáil CLA; i dtuarascálacha a d'eisíomar roimhe seo, fuaireamar nach ndearna an Coimisiún seiceálacha sistéamacha ar bheachtas na suimeanna a bhí tuairiscithe ag na Ballstáit[29].

Níl comhsheasmhacht i gcónaí sna sonraí maidir le haisghabhálacha

69 Rinneamar anailís ar na figiúirí a tugadh i bhfoilseacháin éagsúla faoi na horduithe aisghabhála le haghaidh caiteachas neamhrialta in 2021 a d'eisigh na ceithre Ardstiúrthóireacht a scrúdaíomar san iniúchadh seo don bhainistíocht dhíreach agus don bhainistíocht indíreach. I ***dTábla 2***, tugtar forléargas ar an bhfaisnéis a foilsíodh.

---

[27] Tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí 2021 le haghaidh AS REGIO, Iarscríbhinn 7, lch. 140 agus Tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí 2021 le haghaidh AS EMPL, Iarscríbhinn 7, lch. 115.

[28] An 33ú Tuarascáil Bhliantúil maidir le Cosaint leasanna airgeadais an Aontais agus maidir leis an gComhrac in aghaidh na calaoise, Tábla 4, lch. 36.

[29] Tuarascáil speisialta 06/2019, mír 48, agus Tuarascáil speisialta 01/2019, míreanna 21-32.

Tábla 2 – Faisnéis i ndoiciméid fhoilsithe maidir le horduithe aisghabhála a eisíodh in 2021

	Figiúirí a tógadh as doiciméid fhoilsithe maidir le heisiúintí orduithe aisghabhála in 2021 (milliúin euro)							
Doiciméad	**AS INTPA**	**AS NEAR**	**An Chomharsanacht agus an Domhan ***	**Gníomhaíochtaí Seachtracha agus Cúnamh Réamhaontachais**	**AS CNECT**	**AS RTD**	**An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach ****	**Taighde agus Nuálaíocht**
Tuarascálacha Bliantúla maidir le Gníomhaíochtaí	8.4	15.4			3	3.5		
TBBF			21				19	
Tuarascáil CLA				5.39				5.81

* Tá sonraí le haghaidh AS ECHO, AS FPI, AS INTPA, AS NEAR agus AS TRADE san áireamh anseo.

** Is sonraí ó AS CNECT agus AS RTD mar aon le gníomhaireachtaí feidhmiúcháin ERCEA, INEA agus REA is mó atá anseo.

Foinse: Tuarascálacha bliantúla maidir le gníomhaíochtaí 2021 na nArdstiúrthóireachtaí, TBBF agus an Tuarascáil CLA a foilsíodh in 2022.

70 Thugamar na neamhréireachtaí seo a leanas faoi deara:

- tá an €23.8 milliún in TBGanna an dá Ardstiúrthóireacht gníomhaíochtaí seachtracha, AS INTPA agus AS NEAR (€8.4 milliún agus €15.4 milliún, faoi seach)[30], níos mó ná an figiúr foriomlán a thugtar sa TBBF le haghaidh 'An Chomharsanacht agus an Domhan', ina n-áirítear freisin AS ECHO, AS FPI agus AS TRADE. Mhínigh an Coimisiún dúinn go bhfuil coigeartuithe ar leibhéal an chomhdhlúthúcháin, a bhí riachtanach mar gheall ar theorainneacha áirithe a bhaineann leis an gcóras cuntasaíochta, curtha i láthair sa TBBF agus nár léiríodh iad sin sna TBGanna in 2021. Dhéileáil an Coimisiún leis an tsaincheist sin trí na coigeartuithe sin a chur isteach de lámh sna TBGanna agus trí chomhchuibhiú a dhéanamh ar chur i láthair na ndoiciméad a foilsíodh le haghaidh bhliain airgeadais 2022; agus
- tá na figiúirí sa Tuarascáil CLA[31] le haghaidh iomlán na n-aisghabhálacha do na réimsí a bhaineann leis an gceithre Ardstiúrthóireacht níos ísle ná na figiúirí atá sa TBBF agus sna TBGanna. Ní thugann an fhaisnéis atá sa Tuarascáil CLA aon mhíniú ar na difríochtaí sin.

[30] Tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí 2021 le haghaidh AS INTPA, Iarscríbhinn 3, Tábla 8 agus Tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí 2021 le haghaidh AS NEAR, Iarscríbhinn 3, Tábla 8.

[31] Meastóireacht staidrimh ar neamhrialtachtaí a tuairiscíodh le haghaidh 2021, Roinn 6.3.1, lch. 159, Tábla DM4, ina ndéantar na figiúirí do ghníomhaíochtaí seachtracha agus don chúnamh réamhaontachais a thabhairt in éineacht.

71 Rinneamar anailís ar na figiúirí atá tugtha in TBBF 2021 le haghaidh na talmhaíochta (Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol) agus fuaireamar gur €794 mhilliún a bhí i gceist leis na bearta coisctheacha agus ceartaitheacha a rinne na Ballstáit a chur chun feidhme in 2021. Ar áireamh ansin, bhí bearta ceartaitheacha de luach €528 milliún (roimh íocaíocht leis na tairbhithe) a rinneadh i gcaitheamh na bliana, rud atá ag réiteach leis an TBG le haghaidh AS AGRI[32]. Fuaireamar freisin, áfach, nach féidir cuid de na figiúirí atá foilsithe sa TBBF a imréiteach leis na figiúirí sin sa TBG mar gheall gur tréimhsí ama éagsúla atá i gceist leis na sonraí a úsáidtear[33]:

- tuairiscíodh in TBBF 2021 go ndearna na Ballstáit athúsáid a bhaint as €244 mhilliún i gcaiteachas neamhrialta mar thoradh ar na seiceálacha a rinneadh ar thairbhithe in 2021 agus i mblianta roimhe sin. Ní féidir an figiúr sin a imréiteach leis an bhfaisnéis atá tugtha sa TBG ó DG AGRI;

- i measc na mbeart ceartaitheach a rinne an Coimisiún a chur chun feidhme tá '€191 mhilliún i gceartuithe a d'fhorchuir na Ballstáit ar thairbhithe i ndiaidh na híocaíochta agus a íocadh ar ais le buiséad an Aontais'[34]. Cé go ndearnadh é sin a íoc ar ais le buiséad an Aontais in 2021, is in 2021 agus sna blianta roimhe sin a rinneadh na seiceálacha agus na hiarrataí ar aisíocaíocht. Is é an míniú a thug an Coimisiún dúinn ná gurb é is mó atá san fhigiúr sin ná €112.7 milliún don Chiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta, rud atá deimhnithe i TBG na hArdstiúrthóireachta[35], agus €68.6 milliún le haghaidh tionscadail forbartha, a bhí san áireamh i gcuntais airgeadais an Choimisiúin agus nach sonraítear sa TBG.

---

[32] Tuarascáil bhliantúil ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht 2021 – Imleabhar III, lch. 32 agus Tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí 2021 le haghaidh AS AGRI, Tábla 2.1.1.3.1-6, lch. 70.

[33] Ullmhaítear an TBG trí úsáid a bhaint as sonraí a thógtar as pacáistí dearbhaithe bliantúla na mBallstát, cé gur sonraí as córas cuntasaíochta an Choimisiúin a bhíonn in úsáid don TBBF.

[34] Tuarascáil bhliantúil ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht 2021 – Imleabhar III, lch. 32.

[35] Tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí 2021 le haghaidh AS AGRI – Iarscríbhinní, Iarscríbhinn 7, lch. 264, Tábla 5.2-2.

72 I réimse an Chomhtháthaithe, tugtar le fios sa TBBF go ndearna na Ballstáit €3 763 mhilliún de bhearta coisctheacha agus ceartaitheacha a chur chun feidhme in 2021[36], figiúr ina n-áirítear na ceartuithe airgeadais atá luaite i mír ***67***. Is é sin an sciar Eorpach de na haistarraingtí agus de na hasbhaintí a rinne na Ballstáit ón gcaiteachas a bhí dearbhaithe don Choimisiún. Níl an figiúr sin ag réiteach leis an €3 204 mhilliún agus an €838 milliún atá in TBGanna 2021 Ardstiúrthóireachtaí an chomhtháthaithe (AS REGIO agus AS EMPL), mar go bhfuil cómhaoiniú náisiúnta san áireamh ann[37]. Ceartaíodh an tsaincheist sin i TBGanna 2022, ina dtaispeántar an sciar don Aontas Eorpach.

[36] Tuarascáil bhliantúil ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht 2021 – Imleabhar III, Roinn: 'Comhtháthú, athléimneacht agus luachanna', lch. 32.

[37] Tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí 2021 – An Beartas Réigiúnach agus Uirbeach – Iarscríbhinní, an tábla ar lch. 140, agus Tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí 2021 – Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú – Iarscríbhinní, an tábla ar lgh. 115-116.

Conclúidí agus moltaí

73 Táimid tagtha ar an gconclúid go raibh córais measartha éifeachtacha ag an gCoimisiún chun bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar chaiteachas neamhrialta a dhéanann tairbhithe de chistí ón Aontas. Cé go gcinntíonn an Coimisiún go ndéantar taifeadadh cruinn agus pras ar chaiteachas neamhrialta, tógann sé rófhada air an caiteachas sin a aisghabháil faoin mbainistíocht dhíreach agus faoin mbainistíocht indíreach. Maidir leis an mbainistíocht chomhroinnte, tá sé le tuiscint ón sciar suntasach de neamhrialtachtaí nach bhfuil aisghafa i réimse na talmhaíochta agus ón bhfíoras nár tháinig feabhas ar rátaí aisghabhála ó 2006 i leith go bhféadfadh sé nach leor ann féin an faireachán a dhéanann an Coimisiún chun a chinntiú go bhfuil córais aisghabhála na mBallstát ag feidhmiú go héifeachtach. I réimse an chomhtháthaithe, nuair a dhéantar caiteachas neamhrialta a tharraingt siar ó éilimh ar íocaíocht, tá cosaint ag buiséad an Aontais agus ní dhéanann an Coimisiún obair leantach lena sheiceáil an ndearnadh na suimeanna sin a aisghabháil ina dhiaidh sin ó na tairbhithe. Thairis sin, tá teorainn lena úsáidí atá an fhaisnéis a thugann an Coimisiún ar chaiteachas neamhrialta, agus ar na bearta ceartaitheacha a dhéantar ag éirí as sin, mar nach bhfuil an fhaisnéis sin iomlán i gcónaí agus mar nach gcuirtear i láthair ar bhealach comhsheasmhach í.

74 Ag éirí as ár gcuid seiceálacha ar shampla d'iniúchtaí agus d'fhíoruithe ar oibríochtaí faoin mbainistíocht dhíreach agus faoin mbainistíocht indíreach, is léir go ndearna an Coimisiún caiteachas neamhrialta a thaifeadadh ar bhealach ceart agus in am (míreanna ***26***-***28***). Thugamar faoi deara i gcás na ngníomhaíochtaí seachtracha, áfach, nach ndéantar an tionchar iomlán airgeadais atá ag caiteachas neamhrialta sistéimeach a thaifeadadh i gcórais bhainistíochta an Choimisiúin. Sin mar gheall nach bhfuil ar na hiniúchóirí, de réir a gconartha, seiceálacha breise a dhéanamh ar chaiteachas neamhrialta a bhféadfadh nádúr sistéimeach a bheith ag gabháil leo, agus ní áirithíonn an Coimisiún nach ndéanann caiteachas neamhrialta sistéimeach difear do dheontais eile atá faighte ag na heagraíochtaí cur chun feidhme céanna (mír ***30***).
An riosca de chaiteachas neamhrialta sistéamach nach bhfuil tuairiscithe, tá sé sin sách ard i gcás gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe mar gheall ar theorainneacha ar scóip na bhfíoruithe (mír ***31***).

Moladh 1 – An tionchar airgeadais atá ag caiteachas neamhrialta sistéamach i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha a scrúdú

Ba cheart don Choimisiún a chinntiú go ndéantar an tionchar airgeadais iomlán atá ag caiteachas neamhrialta a bhféadfadh nádúr sistéimeach a bheith ag gabháil leis a dhéanamh amach, a thaifeadadh agus a cheartú, más gá, trí sheiceálacha breise a dhéanamh ar na hoibríochtaí lena mbaineann a fhaigheann maoiniú ón Aontas.

Spriocdháta don chur chun feidhme: Meitheamh 2026

75 Fuaireamar go dtógann sé 14 go 23 mhí de ghnáth ón uair a dhéanann eagraíochtaí cur chur chun feidhme gníomhaíochtaí atá cistithe ag an Aontas go dtí an tráth a eisíonn an Coimisiún orduithe aisghabhála. Is iondúil go mbíonn an t-am a chaitear ar nósanna imeachta sáraíochta i réimse na gníomhaíochta seachtraí 5 go 9 mí níos faide ná mar a bhíonn sé i gcás na mbeartas inmheánach. Fiú nuair a chuirtear san áireamh na difríochtaí fréimhíochta atá idir an dá chineál bainistíochta, measaimid go gcuidíonn an leibhéal faireacháin agus maoirseachta a dhéanann an Chomhsheirbhís Iniúchóireachta i réimse an taighde le laghdú a dhéanamh ar an am atá ag teastáil chun caiteachas neamhrialta a bhrath agus a cheartú (míreanna ***33***-***37***).

76 Fuaireamar freisin, i gcás orduithe aisghabhála nach bhfuil íoctha, go dtógann sé idir 5 agus 8 mí breise de ghnáth ar sheirbhísí an Choimisiúin an próiseas forfheidhmithe a thionscnamh chun cistí a aisghabháil (míreanna ***38***-***43***). Mar gheall ar na moilleanna i gcaiteachas neamhrialta a aisghabháil, laghdaítear na seansanna atá ag an gCoimisiún iomlán na suimeanna atá dlite a aisghabháil, go háirithe nuair nach mbíonn na heagraíochtaí cur chun feidhme in ann na fiacha atá amuigh orthu a aisíoc nó nuair nach bhfuil siad toilteanach é sin a dhéanamh (míreanna ***48*** agus ***49***). Le déanaí, rinne AS BUDG iarracht aghaidh a thabhairt ar na moilleanna atá i bpróiseas aisghabhála an Choimisiúin (míreanna ***44***-***46***). Ó bheidh sé seo curtha chun feidhme go hiomlán, d'fhéadfadh sé go mbeifí in ann aghaidh a thabhairt ar na moilleanna sna nósanna imeachta forfheidhmithe nuair nach n-aisíocann féichiúnaithe cistí ón Aontas tar éis don Choimisiún fógra deiridh nó fógra foirmiúil a eisiúint.

Moladh 2 – Feabhas a chur ar phleanáil na hoibre iniúchóireachta i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha ionas go laghdófar an t-am a thógann sé a shuíomh go bhfuil caiteachas neamhrialta tarlaithe

Ba chóir go laghdódh an Coimisiún an méid ama a chaitear i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha ón uair a chríochnaítear gníomhaíochtaí atá cistithe ag an Aontas go dtí go suitear go bhfuil caiteachas neamhrialta le ceartú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) athbhreithniú ar a mhodheolaíocht phleanála don iniúchóireacht ionas go ndéantar seiceálacha *ex post* a thúisce a fhaigheann sé tuarascálacha airgeadais atá comhlíontach; agus

(b) nósanna imeachta agus uirlisí faireacháin a úsáid a chuireann ar a chumas obair leantach níos dlúithe a dhéanamh ar an bpróiseas iniúchóireachta ionas go laghdófar an t-am a chaitear le nósanna imeachta sáraíochta.

Spriocdháta don chur chun feidhme: deireadh 2025

77 Faoin mbainistíocht chomhroinnte, is leis na Ballstáit a luíonn an fhreagracht phríomha as caiteachas neamhrialta a thaifeadadh agus a aisghabháil. I réimse na talmhaíochta, mar a ndéanann an Coimisiún faireachán ar chórais na mBallstát, ní fhéadfaí 48 % den €2.4 billiún d'aisghabhálacha le haghaidh íocaíochtaí díreacha agus bearta margaidh a bhí eisithe ag gníomhaireachtaí íocaíochta, agus nár cuireadh ar ceal, ó 2007 a aisghabháil nó bhí siad fós amuigh ag deireadh 2022. Thairis sin, is iondúil go mbíonn na rátaí aisghabhála ar leibhéal an tairbhí i gcás CERT níos ísle ná na rátaí atá ann don bhainistíocht dhíreach agus don bhainistíocht indíreach. Bhí an riail 50/50 ceaptha gníomhaireachtaí íocaíochta a spreagadh le fiacha a aisghabháil in am agus níl feidhm ag an riail sin a thuilleadh i gcás Chomhbheartas Talmhaíochta 2023-2027. Gan dreasacht chun aisghabháil a dhéanamh, tá an baol ann go dtiocfaidh meath ar an ráta aisghabhálacha i réimse na talmhaíochta (míreanna ***51***-***57***).

Moladh 3 – Measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le dreasachtaí breise do na Ballstáit chun feabhas a chur ar rátaí aisghabhála an chaiteachais neamhrialta i réimse na talmhaíochta

Chun a chinntiú go ndéanann na Ballstáit caiteachas neamhrialta a aisghabháil faoi CBT ar bhealach níos tráthúla, agus chun feabhas a chur ar rátaí aisghabhála, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le dreasachtaí breise a bheith sa chéad chlárthréimhse eile.

Spriocdháta don chur chun feidhme: deireadh 2025

78 I réimse an chomhtháthaithe, déanann na Ballstáit caiteachas neamhrialta a cheartú trína tharraingt siar ón gcaiteachas deimhnithe díreach tar éis an caiteachas neamhrialta sin a bhrath. Ciallaíonn sé sin go bhfuil cosaint ag buiséad an Aontais a thúisce a bhraitear caiteachas neamhrialta agus a dhéantar é a tharraingt siar. Ní dhéanann an Coimisiún obair leantach ó thaobh a fhiosrú an ndéanann Ballstáit an caiteachas neamhrialta atá tarraingthe siar ó thairbhithe a aisghabháil. Is uirlis lárnach atá in aisghabháil suimeanna neamhrialta chun a thabhairt ar thairbhithe gan neamhrialtachtaí eile a dhéanamh ina dhiaidh sin agus chun na rioscaí clú don Aontas Eorpach a íoslaghdú (míreanna ***59***-***63***).

79 Fuaireamar nach bhfuil an fhaisnéis a fhoilsíonn an Coimisiún i dtaobh caiteachas neamhrialta, i dtaobh aisghabhálacha agus i dtaobh bearta ceartaitheacha eile i gcónaí iomlán agus comhsheasmhach. Ní thugann aon cheann de na doiciméid a fhoilsíonn an Coimisiún forléargas iomlán ar an gcaiteachas neamhrialta atá suite agus ar an nasc leis na bearta ceartaitheacha atá déanta (míreanna ***65***-***72***).

Moladh 4 – Faisnéis iomlán a thabhairt i dtaobh an chaiteachais neamhrialta atá suite agus i dtaobh na mbeart ceartaitheach atá déanta

Ba cheart don Choimisiún sonraí a thabhairt ina thuarascálacha bliantúla maidir le gníomhaíochtaí i dtaobh na nithe seo a leanas:

(a) caiteachas neamhrialta a rinneadh a shuíomh i gcaitheamh na bliana agus na bearta ceartaitheacha atá déanta; agus

(b) caiteachas neamhrialta a rinneadh a shuíomh sa bhliain nó i mblianta roimhe sin, ach nach raibh bearta ceartaitheacha tugtha chun críche ina leith ag deireadh na bliana roimhe sin, mar aon leis na bearta ceartaitheacha a rinneadh sa bhliain tuairiscithe reatha.

Spriocdháta don chur chun feidhme: Meitheamh 2026

Is é Seomra V, faoi cheannas Jan Gregor (Comhalta den Chúirt), a ghlac an Tuarascáil seo i Lucsamburg ag an gcruinniú a bhí aige an 22 Márta 2024.

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí

Tony Murphy
Uachtarán

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I – Córais chun caiteachas neamhrialta a bhrath, a thaifeadadh agus a thuairisciú, mar aon le bearta ceartaitheacha a rinneadh i gcás sampla de chláir Eorpacha

Acmhainní nádúrtha (an talmhaíocht)

Déanann na gníomhaireachtaí íocaíochta seiceálacha riaracháin ar na tairbhithe go léir, chomh maith le seiceálacha ar an bhfód, agus cuireann siad na staitisticí chuig AS AGRI faoin 15 Iúil gach bliain. Is 5 % de ghnáth a bhíonn i ráta clúdaithe na seiceálacha ar an bhfód, ach athraíonn sé sin bunaithe ar an mbeart atá i gceist.

Déanann comhlachtaí deimhniúcháin cuntais bhliantúla na ngníomhaireachtaí íocaíochta a sheiceáil agus a dheimhniú, chomh maith lena nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh, a gcórais aisghabhála agus dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais a bhíonn á aisíoc ag an Aontas. Chomh maith leis sin, déanann siad an athuair sampla de na seiceálacha ar an bhfód a rinne gach gníomhaireacht íocaíochta. Cuireann na gníomhaireachtaí íocaíochta a gcuntais bhliantúla agus a dtuarascálacha deimhniúcháin faoi bhráid AS AGRI faoin 15 Feabhra gach bliain d'fhonn iad a imréiteach.

Sa chás go mbíonn caiteachas neamhrialta nó faillí ann, ní foláir do na Ballstáit a iarraidh go ndéantar aisghabháil ar íocaíochtaí míchuí (lena n-áirítear pionóis, más infheidhme) ó na tairbhithe laistigh de 18 mí ó dhéantar an formheas nó ó fhaightear tuarascáil chigireachta[38]. Nuair a dhéantar iarraidh ar aisghabháil, tá na gníomhaireachtaí íocaíochta ceaptha na suimeanna atá dlite a chlárú i mórleabhar na bhféichiúnaithe, agus aisghabháil na bhfiach a leanúint suas laistigh de bhliain amháin ón teagmhas nó gníomhaíocht deiridh atá ábhartha, bunaithe ar nós imeachta náisiúnta[39].

---

[38] Airteagal 54(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013.

[39] Treoirlínte AS AGRI dar teideal 'Rialuithe lárnacha agus coimhdeacha i dtaca le neamhrialtachtaí agus le córais bhainistithe agus rialaithe d'fhiacha i ndáil le nósanna imeachta um imréiteach comhréireachta a sheoltar amhail ón 1.1.2015', Roinn II.

Is féidir leis na Ballstáit na suimeanna ar fad a dhéantar a aisghabháil ó chláir forbartha tuaithe a athúsáid, ach tá orthu aisghabhálacha ar bith le haghaidh íocaíochtaí díreacha agus bearta margaidh a aisíoc le buiséad an Aontais mar ioncam sannta, tar éis táille riaracháin de 20 % a bhaint as an tsuim (25 % i gcás tras-chomhlíonadh). Is é an chaoi a ndéantar an aisíocaíocht ná tríd an aisghabháil – lena n-áirítear pionóis agus ús – a bhaint as an gcaiteachas a bheadh le fógairt sa chéad éileamh míosúil eile ar speansais.

Is féidir le gníomhaireachtaí íocaíochta aisghabhálacha le haghaidh íocaíochtaí díreacha a fhritháireamh in aghaidh íocaíochta a bheadh le déanamh sa todhchaí leis an tairbhí céanna. Ní féidir leo é sin a dhéanamh, áfach, i gcás aisghabhálacha cistí ón Aontas le haghaidh bearta margaidh (faoi CERT) ná le haghaidh gníomhaíochtaí forbartha tuaithe atá tugtha chun críche agus gan aon íocaíochtaí eile dlite ina leith.

Má dhéanann gníomhaireacht íocaíochta fiacha a díscríobh i ndiaidh iarrachtaí cuimsitheacha chun aisghabháil a dhéanamh, is féidir léi na fiacha a chur chun dochair do bhuiséad an Aontais sa chéad ráiteas caiteachais eile agus mura ndéanann sí é sin is é an buiséad náisiúnta a chaithfidh an caillteanas a sheasamh. Go dtí 2022, chuir na gníomhaireachtaí íocaíochta an fhoráil 50/50 i bhfeidhm sa chás nach raibh siad in ann fiacha a aisghabháil laistigh de cheithre bliana (8 mbliana má bhí imeachtaí cúirte i gceist), rud a chiallaíonn go raibh an costas á roinnt go comhionann idir buiséad an Aontais agus an buiséad náisiúnta. Tar éis an sásra sin a chur i bhfeidhm, bhí ar na gníomhaireachtaí íocaíochta leanúint dá nósanna imeachta aisghabhála agus mura ndéanfaidís é sin is orthu féin a thitfeadh an caillteanas iomlán. Bhí orthu freisin na torthaí a thaifeadadh sna chéad chuntais bhliantúla eile.

Déanann AS AGRI líon teoranta de sheiceálacha ar an bhfód dá imréiteach airgeadais bliantúil ar na cuntais agus déanann sé cuairteanna iniúchóireachta comhlíontachta ilbhliantúla. Clúdaíonn an t-imréiteach airgeadais iomláine, beachtas agus fírinneacht chuntais na ngníomhaireachtaí íocaíochta, cé go bhfuil na hiniúchtaí comhlíontachta – a ndearnadh 92 díobh in 2022 – ceaptha caiteachas nár tabhaíodh i gcomhréir leis na rialacha a chur as an áireamh. Má bhraitheann an Coimisiún caiteachas neamhrialta, ní foláir do na gníomhaireachtaí íocaíochta aisíoc ó na tairbhithe deiridh a iarraidh agus ansin an tsuim aisghafa a chur ar ais i mbuiséad an Aontais[40].

[40] Airteagal 43 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013.

Comhtháthú

Déanann na húdaráis bhainistíochta seiceálacha riaracháin ar na héilimh íocaíochta go léir agus déanann siad fíoruithe ar an láthair ar shamplaí d'éilimh íocaíochta a fhaightear ó thairbhithe. Aon suimeanna nach bhfuil incháilithe a bhraitheann siad, déantar iad a bhaint as na méideanna atá le híoc ar ais leo, nó iarrann siad aisghabháil más rud é nach leor na suimeanna atá le híoc le tairbhithe. Ní chuireann an Coimisiún de cheangal ar na húdaráis bhainistíochta sonraí maidir le suimeanna nach bhfuil incháilithe a thuairisciú.

Má aimsíonn na húdaráis bhainistíochta caiteachas neamhrialta a bhí dearbhaithe cheana féin don Choimisiún, déanann siad an tsuim neamhrialta a asbhaint mar nach bhfuil an tsuim sin incháilithe don chómhaoiniú agus nár cheart í a áireamh sa chaiteachas a dhearbhaítear don Choimisiún. Tá dhá rogha ag na húdaráis bhainistíochta a mhéid a bhaineann le caiteachas incháilithe atá tuairiscithe don Choimisiún a choigeartú:

- féadann siad na suimeanna sin a thaispeáint mar chaiteachas incháilithe atá tarraingthe siar. Sa chás sin, is féidir leo an cistiú ón Aontas a athúsáid don chlár oibríochtúil céanna as a ndearnadh an tsuim a aistarraingt; nó

- féadann siad an caiteachas neamhrialta a fhágáil sna cláir oibríochtúla go dtí go ndéantar an caiteachas sin a aisghabháil ón tairbhí. Tá buntáiste don tsreabh airgeadais leis an rogha sin, ach fágann sé gur lú ama a bhíonn ag na húdaráis bhainistíochta chun na cistí a athúsáid ó bhíonn siad aisghafa. Ní raibh ach cúig Bhallstát ann a d'úsáid an rogha seo i gclárthréimhse 2014-2020, agus níl an rogha sin ar fáil a thuilleadh sa tréimhse reatha.

Is ar na húdaráis deimhniúcháin atá an fhreagracht as na cuntais chríochnaitheacha a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin a dheimhniú. Déanann siad na figiúirí 'ceartaithe' a bhíonn curtha ar fáil ag na húdaráis bhainistíochta a chomhdhlúthú agus déanann siad aon cheartúcháin eile atá le déanamh ar na cuntais ag éirí as na seiceálacha a rinne na húdaráis iniúchóireachta, an Coimisiún nó Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur i bhfeidhm. Sa bhreis air sin, déanann na húdaráis deimhniúcháin a gcuid seiceálacha féin – a bhféadfadh sé gurb éard a d'éireodh as sin ná go ndéanfaí caiteachas a mheas mar chaiteachas ardriosca nó go ndéanfaí é a aicmiú mar chaiteachas atá faoi réir 'measúnú idir lámha'. Cé gur cuid de na cuntais é an cineál sin caiteachais, ní foláir é a thuairisciú as féin agus ní dhéanann an Coimisiún é a mheas le haghaidh cómhaoiniú. Ón uair a bhíonn seiceálacha breise déanta, is féidir na suimeanna sin – go páirteach nó ina n-iomláine – a thabhairt isteach arís in éilimh ar íocaíocht a dhéantar tráth níos faide anonn.

Sula gcuireann na húdaráis bhainistíochta na cuntais bhliantúla ar aghaidh chuig an gCoimisiún, seiceálann na húdaráis iniúchóireachta freisin éilimh na dtairbhithe trí shamplaí a roghnú as an gcaiteachas in éilimh íocaíochta a bhí curtha isteach chuig an gCoimisiún i gcaitheamh na bliana cuntasaíochta. Tugtar achoimre ar an obair iniúchóireachta a bhíonn déanta acu sa Tuarascáil Bhliantúil ar Rialú. Aon chaiteachas neamhrialta a bhraitear sna hiniúchtaí ar oibríochtaí, déantar iad a cheartú sna cuntais. Má bhíonn Ráta Earráide Iomlán (REI) atá os cionn 2 % ann mar gheall ar a gcuid oibre, bíonn orthu ceartuithe eachtarshuite airgeadais breise a dhéanamh chun an riosca iarmharach a thabhairt faoin tairseach ábharthachta de 2 %.

Sa phacáiste dearbhaithe bliantúil a chuireann na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin, bíonn fáil ar chuntais na gclár oibríochtúil atá formheasta don chlárthréimhse, na tuarascálacha bliantúla ar rialú a eisíonn na húdaráis iniúchóireachta, a gcuid tuairimí iniúchóireachta, achoimrí bliantúla agus dearbhuithe na n-údarás bainistíochta. Déanann an Coimisiún athbhreithnithe deisce ar na doiciméid sin.

Chomh maith leis sin, déanann an Coimisiún iniúchtaí ar na húdaráis náisiúnta a bhíonn roghnaithe acu trí bhíthin anailísí riosca. Tá cuspóirí éagsúla ag na hiniúchtaí sin, amhail comhlíontacht, aimsiú fíoras, gnéithe téamacha, córais agus iontaofacht na dtáscairí feidhmíochta, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh na seiceálacha a rinne na húdaráis iniúchóireachta sna Ballstáit á ndéanamh an athuair. Den chuid is mó, leanann ceartuithe airgeadais as na hiniúchtaí sin agus is iondúil gurb é an toradh a bhíonn air sin ná go ndéanann na húdaráis náisiúnta na suimeanna atá i gceist a athúsáid dá gcuid clár. Is ar na Ballstáit atá an fhreagracht as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh i ndáil le tairbhithe sa chás go ndéantar aon chaiteachas neamhrialta a bhrath.

Beartais inmheánacha agus sheachtracha

Is iondúil go bhfostaíonn an Coimisiún gnólachtaí iniúchóireachta príobháideacha chun seiceáil a dhéanamh ar incháilitheacht an chaiteachais a bhíonn tuairiscithe ag eagraíochtaí cur chun feidhme le haghaidh conarthaí nó comhaontuithe tionscadal a bhíonn á mbainistiú go díreach nó go hindíreach ag an gCoimisiún. D'fhéadfadh sé gur mar chuid de phleananna iniúchóireachta bliantúla ina bhfuil tionscadail roghnaithe trí anailís riosca a dhéanfaí na seiceálacha sin, nó d'fhéadfadh sé gur mar thomhas ar an ráta earráidí iarmharacha le haghaidh tionscadail a roghnaítear go randamach a dhéanfaí iad. D'fhéadfadh eagraíochtaí cur chun feidhme, de réir cuid de na conarthaí nó comhaontuithe, a bheith faoi cheangal gnólachtaí iniúchóireachta príobháideacha a fhostú chun iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais airgeadais a chuireann siad faoi bhráid an Choimisiúin.

Tá Comhsheirbhís Iniúchóireachta (CSI) curtha ar bun ag na hArdstiúrthóireachtaí taighde chun gnólachtaí iniúchóireachta príobháideacha a fhostú bunaithe ar chreat-chomhaontú conartha nó chun iniúchtaí a dhéanamh trí úsáid a bhaint as foireann CSI féin. Sa chás gur gnólachtaí iniúchóireachta príobháideacha a dhéanann na hiniúchtaí, déanann ionadaí ó CSI faireachán dlúth orthu. Pléann CSI agus na hiniúchóirí fostaithe na fionnachtana leis na hiniúchaithe le linn nós imeachta sáraíochta sula n-eisíonn na hiniúchóirí fostaithe a gcuid tuarascálacha iniúchóireachta críochnaitheacha. Déanann CSI tionchar iomlán an chaiteachais neamhrialta a thaifeadadh i mbunachar sonraí um bainistiú iniúchóireachta AUDEX, trína ndéantar na sonraí a aistriú go huathoibríoch go dtí córas bainistithe deontas SyGMa, ionas gur féidir leis na hoifigigh údarúcháin nós imeachta sáraíochta gearr eile a dhéanamh, agus seolann sé na tuarascálacha iniúchóireachta chuig na heagraíochtaí cur chun feidhme sula ndéantar bearta ceartaitheacha i ndáil leis an gcaiteachas neamhrialta atá tuairiscithe.

Tá creat-chomhaontú um fhostú curtha ar bun ag Ardstiúrthóireachtaí na ngníomhaíochtaí seachtracha freisin le haghaidh gnólachtaí iniúchóireachta príobháideacha. Oibríonn Bainisteoirí um Thascanna Iniúchóireachta leis na hoifigigh údarúcháin chun na hiniúchóirí a fhostú agus a gcuid oibre a chomhordú, agus déanann siad na dréacht-tuarascálacha iniúchóireachta a fhormheas sula gcuirtear na tuarascálacha sin ar aghaidh mar thuarascálacha críochnaitheacha. Ansin, seolann na hoifigigh údarúcháin na tuarascálacha iniúchóireachta críochnaitheacha chuig na heagraíochtaí cur chun feidhme agus féadann na heagraíochtaí sin trácht a dhéanamh ar aon chaiteachas neamhrialta atá braite chomh maith le doiciméid tacaíochta bhreise a sholáthar. Ag deireadh an nós imeachta sáraíochta sin, cinneann na hoifigigh údarúcháin cad iad na bearta ceartaitheacha atá le déanamh don chaiteachas neamhrialta atá deimhnithe acu.

I réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha, déanann an Coimisiún cuid den chaiteachas a bhainistiú go hindíreach in éineacht le comhpháirtithe cur chun feidhme, amhail eagraíochtaí idirnáisiúnta agus comhlachtaí dlí phoiblí a bhfuil ráthaíocht airgeadais acu ó na Ballstáit. Bíonn an Coimisiún ag brath ar chórais bhainistíochta na mBallstát chun caiteachas neamhrialta atá tabhaithe ag na tairbhithe a bhrath agus a aisghabháil. Tá modheolaíocht mheasúnaithe de réir colún[41] bunaithe ag an gCoimisiún chun a áirithiú go dtugann a chuid comhpháirtithe cur chun feidhme leibhéal coibhéiseach cosanta do leasanna airgeadais an Aontais agus a thugann an Coimisiún i gcás na bainistíochta dírí.

[41] Baineann Colún 1 le rialú inmheánach, agus clúdaíonn sé freisin cosc, brath agus ceartú earráidí, cásanna de chalaois agus neamhrialtachtaí.

Tá Creat-Chomhaontú Airgeadais agus Riaracháin bunaithe ag an gCoimisiún agus ag na Náisiúin Aontaithe mar bhunús don chomhoibriú eatarthu. Leis an gComhthuiscint maidir le húsáid na dtéarmaí tagartha le haghaidh fíorúcháin ar chaiteachas, cuirtear teorainn le cé chomh mór atá na samplaí is féidir le fíoraitheoirí a roghnú chun incháilitheacht oibríochta a bhí á bainistiú ag gníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe le cistí ón Aontas a sheiceáil[42]. Ní cheadaítear níos mó ná 40 idirbheart ó phríomhliosta idirbheart gníomhaireachta a bheith sna samplaí, agus ní féidir leis sin a bheith níos mó ná 20 % den chaiteachas atá tuairiscithe. Sa chás go mbíonn idirbhearta le comhpháirtithe cur chun feidhme a éilíonn sampláil fo-leibhéil sa liosta, is féidir uasmhéid de 20 ítim bhreise a roghnú le haghaidh suas go dtí cúig cinn de na hidirbhearta sa sampla. Ar deireadh, níl cead ag fíoraitheoirí caiteachais aon chóip a choinneáil de na doiciméid tacaíochta atá seiceáilte acu.

Déanann na hoifigigh údarúcháin ag an gCoimisiún aon chaiteachas neamhrialta a cheartú trí bhíthin aisghabhálacha nó íocaíochtaí iardain níos ísle. Is mar ioncam sannta a dhéileálann an Coimisiún leis na cistí aisghafa.

Is ar na hoifigigh údarúcháin atá an fhreagracht as an méid seo a leanas: meastacháin de na suimeanna is infhaighte a tharraingt suas; na teidlíochtaí atá le haisghabháil a shuíomh; na teidlíochtaí sin a thaifeadadh in ABAC; agus orduithe aisghabhála agus nótaí dochair a eisiúint. Sula ndéantar an próiseas formheasa a thabhairt chun críche in ABAC, scrúdaíonn Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin na horduithe aisghabhála chun a chinntiú go bhfuil na ceanglais uile is gá comhlíonta agus go bhfuil na bearta déanta atá riachtanach chun a áirithiú go ndéantar nós imeachta aisghabhála éifeachtach.

[42] Comhthuiscint maidir le húsáid na dTéarmaí Tagartha le haghaidh Fíorúchán ar Chaiteachas i gcomhair Oibríochtaí atá á gcur chun feidhme ag Eagraíochtaí de chuid na Náisiún Aontaithe atá i measc na gComhpháirtithe is Sínitheoirí de CCAR-AE-NA dar dáta Márta 2020.

Más rud é nach mbíonn an tsuim íoctha ag an bhféichiúnaí faoi sprioc-am atá sonraithe sa nóta dochair, déantar an t-ordú aisghabhála a shannadh chuig an bhfoireann ar a bhfuil an cúram in AS BUDG fiacha a aisghabháil (tuineadh). Más amhlaidh nach n-íocann an féichiúnaí na fiacha tar éis meabhrúchán agus fógra foirmiúil a bheith seolta chucu, agus mura bhfuil aon bhealach ann chun fritháireamh nó imréiteach a dhéanamh trí bhíthin ráthaíocht bhainc, iarrann an tOifigeach Cuntasaíochta ar an oifigeach údarúcháin leanúint ar aghaidh le haisghabháil fhorfheidhmithe. Déanann an t-oifigeach údarúcháin é sin trí iarraidh, mar aon le doiciméid tacaíochta, a sheoladh chuig Seirbhís Dlí an Choimisiúin. Is féidir é sin a fhorghníomhú ar shócmhainní an fhéichiúnaí: trí Chinneadh ón gCoimisiún (Airteagal 299 CFAE) a ghlacadh nó trí bhíthin imeachtaí cúirte.

Is féidir le hoifigigh údarúcháin fiacha a tharscaoileadh sna cásanna seo a leanas[43]:

(a) i gcás nach mbeadh an costas aisghabhála is intuartha os cionn an mhéid atá le haisghabháil agus nach ndéanfadh an tarscaoileadh dochar d'íomhá an Aontais;

(b) i gcás nach féidir an méid is infhaighte a aisghabháil mar gheall ar a aois, ar mhoill ar sheoladh an nóta dochair, nó ar dhócmhainneacht an fhéichiúnaí; agus

(c) i gcás nach bhfuil aisghabháil ag teacht le prionsabal na comhréireachta.

[43] Airteagal 101(2) den Rialachán Airgeadais.

Iarscríbhinn II – Córais an Choimisiúin Eorpaigh chun caiteachas neamhrialta a bhrath agus chun bearta ceartaitheacha a dhéanamh faoin mbainistíocht dhíreach agus faoin mbainistíocht indíreach



Foinse: CIE.

Iarscríbhinn III – Córais na mBallstát chun caiteachas neamhrialta a bhrath agus chun bearta ceartaitheacha a dhéanamh faoin mbainistíocht chomhroinnte



Foinse: CIE.

Iarscríbhinn IV – Rátaí aisghabhála an chaiteachais neamhrialta i gcás sampla roghnaithe d'Ardstiúrthóireachtaí sa Choimisiún

AS AGRI (CERT amháin)

Bliain eisithe an ordaithe aisghabhála	Ráta aisghabhála go dtí deireadh 2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022
2014	14 %	28 %	32 %	33 %	34 %	38 %	39 %	39 %	47 %
2015		45 %	61 %	64 %	67 %	72 %	73 %	77 %	81 %
2016			39 %	38 %	41 %	45 %	46 %	47 %	48 %
2017				21 %	32 %	35 %	36 %	38 %	40 %
2018					50 %	60 %	66 %	69 %	70 %
2019						26 %	35 %	38 %	43 %
2020							37 %	49 %	54 %
2021								27 %	56 %
2022									39 %

AS RTD

Bliain eisithe an ordaithe aisghabhála	Ráta aisghabhála go dtí deireadh 2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022
2014	54 %	88 %	91 %	92 %	93 %	93 %	93 %	93 %	93 %
2015		65 %	87 %	93 %	93 %	93 %	93 %	93 %	94 %
2016			71 %	96 %	97 %	97 %	97 %	98 %	98 %
2017				50 %	78 %	80 %	80 %	80 %	80 %
2018					79 %	96 %	96 %	96 %	96 %
2019						70 %	91 %	93 %	96 %
2020							77 %	81 %	82 %
2021								49 %	51 %
2022									79 %

AS CNECT

Bliain eisithe an ordaithe aisghabhála	Ráta aisghabhála go dtí deireadh 2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022
2014	44 %	72 %	76 %	78 %	78 %	78 %	78 %	78 %	78 %
2015		64 %	86 %	86 %	88 %	88 %	88 %	88 %	88 %
2016			41 %	58 %	68 %	68 %	68 %	68 %	68 %
2017				58 %	67 %	91 %	91 %	91 %	92 %
2018					65 %	86 %	87 %	87 %	87 %
2019						79 %	83 %	83 %	83 %
2020							72 %	82 %	82 %
2021								38 %	49 %
2022									72 %

AS NEAR

Bliain eisithe an ordaithe aisghabhála	Ráta aisghabhála go dtí deireadh 2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022
2014	52 %	79 %	96 %	96 %	96 %	96 %	96 %	97 %	97 %
2015		65 %	74 %	75 %	78 %	78 %	78 %	78 %	78 %
2016			70 %	84 %	84 %	85 %	85 %	85 %	87 %
2017				78 %	83 %	84 %	84 %	84 %	84 %
2018					68 %	75 %	75 %	75 %	75 %
2019						61 %	68 %	74 %	74 %
2020							39 %	61 %	66 %
2021								82 %	96 %
2022									59 %

AS INTPA

Bliain eisithe an ordaithe aisghabhála	Ráta aisghabhála go dtí deireadh 2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022
2014	36 %	50 %	54 %	58 %	59 %	59 %	59 %	61 %	61 %
2015		61 %	84 %	84 %	84 %	86 %	86 %	86 %	87 %
2016			53 %	68 %	71 %	71 %	71 %	74 %	74 %
2017				73 %	86 %	89 %	89 %	89 %	91 %
2018					42 %	50 %	59 %	59 %	59 %
2019						65 %	83 %	84 %	93 %
2020							54 %	71 %	76 %
2021								57 %	81 %
2022									60 %

Nóta: Na suimeanna a rinneadh a fhrithdhílsiú i gcoinne íocaíochtaí leis an tairbhí le linn na bliana éilimh chéanna i gcás CERT nó i gcás tionscadail faoin mbainistíocht dhíreach agus faoin mbainistíocht indíreach, níl siad san áireamh sna rátaí aisghabhála.
Foinse: Tábla: Iarscríbhinn 7 – 5.4-1 le haghaidh CERT ar lch. 238 de Thuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí 2022 – Talmhaíocht agus Forbairt Tuaithe – Iarscríbhinní, agus CIE bunaithe ar ABAC.

Iarscríbhinn V – Aisghabhálacha ó thairbhithe faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta le haghaidh cásanna a braitheadh ó 2007 i leith



(*) RÁTA AISGHABHÁLA = AISGHABHÁLACHA / (CÁSANNA móide COIGEARTUITHE)
(**) RÁTA DÍSCRÍOFA = DÍSCRÍOBH / (CÁSANNA móide COIGEARTUITHE)

Foinse: Tábla: Iarscríbhinn 7 – 5.4-1 le haghaidh CERT ar lgh. 238-239 de Thuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí 2022 – Talmhaíocht agus Forbairt Tuaithe – Iarscríbhinní.

Giorrúcháin

AS AGRI: Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe

AS BUDG: Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid

AS CNECT: Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta

AS EMPL: An Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú

AS INTPA: Ard-Stiúrthóireacht na gComhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta

AS MARE: Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta

AS NEAR: An Ardstiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú

AS REGIO: Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh

AS RTD: An Ard-Stiúrthóireacht um Thaighde agus Nuálaíocht

CBNR: Córas Bainistíochta Neamhrialtachta

CBT: An Comhbheartas Talmhaíochta

CCAR: Creat-Chomhaontú Airgeadais agus Riaracháin

CSI: An Chomhsheirbhís Iniúchóireachta

DAC: Comh-Stiúrthóireacht na hIniúchóireachta um Chomhtháthú in AS EMPL agus AS REGIO

OLAF: An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise

TBBF: Tuarascáil bhliantúil ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht

TBG: Tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí

Gluais

ABAC: Córas leictreonach an Choimisiúin chun a chuid oibríochtaí buiséadacha agus cuntasaíochta a bhainistiú.

Bainistíocht chomhroinnte: Modh a úsáidtear chun buiséad an Aontais Eorpaigh a chaitheamh, trína ndéanann an Coimisiún tarmligean chuig an mBallstát (murab ionann agus bainistíocht dhíreach), cé gurb é an Coimisiún féin a bheidh freagrach sa deireadh.

Bainistíocht dhíreach: Bainistíocht ar chiste nó clár de chuid an Aontais ag an gCoimisiún amháin, i gcodarsnacht le bainistíocht chomhroinnte nó bainistíocht indíreach.

Bainistíocht indíreach: Modh chun buiséad an Aontais a chur chun feidhme trína ndéanann an Coimisiún cúraimí cur chun feidhme a chur ar iontaoibh eintiteas eile (amhail tíortha nach bhfuil san Aontas agus eagraíochtaí idirnáisiúnta).

Comhtháthú: Beartas an Aontais Eorpaigh arb é is aidhm dó éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta idir réigiúin agus Ballstáit a laghdú trí chruthú post, iomaíochas gnó, fás eacnamaíoch, forbairt inbhuanaithe agus comhar trasteorann agus idir-réigiúnach a chur chun cinn.

Córas Bainistithe Neamhrialtachta: Feidhmchlár a bhíonn in úsáid ag na Ballstáit chun neamhrialtachtaí, lena n-áirítear cásanna amhrasta de chalaois, a thuairisciú don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise.

Creat-Chomhaontú Airgeadais agus Riaracháin: Comhaontú idir an Coimisiún agus na Náisiúin Aontaithe lena rialaítear comhar eatarthu maidir le Spriocanna Forbartha na Mílaoise.

Sáraíocht: Nós imeachta ina bpléann an t-iniúchóir agus/nó an Coimisiún torthaí a gcuid seiceálacha rialaithe leis an iniúchaí chun a chinntiú go bhfuil bonn fónta leis na torthaí sin.

Tuarascáil bhliantúil ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht: Tuarascáil a tháirgeann an Coimisiún gach bliain faoin gcaoi a mbainistíonn sé buiséad an Aontais agus na torthaí a gnóthaíodh, ag tabhairt achoimre ar an bhfaisnéis atá i dtuarascálacha bliantúla maidir le gníomhaíochtaí na nArdstiúrthóireachtaí agus na nGníomhaireachtaí Feidhmiúcháin.

Tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí: Tuarascáil a tháirgeann gach Ardstiúrthóireacht den Choimisiún, agus gach institiúid nó comhlacht den Aontas, ina leagtar amach conas a d'fheidhmigh siad i gcomparáid lena gcuspóirí agus conas a d'úsáid siad a n-acmhainní airgeadais agus daonna.

Freagraí ón gCoimisiún

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2024-07

Amlíne

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2024-07

An fhoireann iniúchóireachta

I dtuarascálacha speisialta na Cúirte Iniúchóirí, leagtar amach torthaí a hiniúchtaí ar bheartais agus ar chláir an Aontais, nó ar thopaicí a bhaineann le bainistiú i dtaobh réimsí buiséadacha sonracha. Roghnaíonn agus dearann an Chúirt Iniúchóirí na tascanna iniúchóireachta sin a mbeidh an tionchar is mó is féidir acu trí bhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí don fheidhmíocht nó don chomhlíontacht, ar leibhéal an ioncaim nó an chaiteachais lena mbaineann, ar fhorbairtí atá ar na bacáin agus ar an leas polaitiúil agus poiblí.

Is é Seomra Iniúchóireachta V – Maoiniú agus Riar an Aontais, atá faoi cheannas Jan Gregor (Comhalta den Chúirt), a rinne an t-iniúchadh feidhmíochta seo. Rinneadh an iniúchóireacht faoi stiúir Jorg Kristijan Petrovič (Comhalta den Chúirt), agus fuarthas tacaíocht ó na daoine seo a leanas: Martin Puc (Ceann na hOifige Príobháidí), Mirko Iaconisi, (Ataisé na hOifige Príobháidí), Judit Oroszki (Príomhbhainisteoir), Anthony Balbi (Ceann Cúraim), agus Bruno Scheckenbach agus Ilias Nikolakopoulou (Iniúchóirí). Rinne Jesús Nieto Muñoz an dearadh grafach agus thug Valérie Tempez cúnamh rúnaíochta.

Ó chlé go deas: Mirko Iaconisi, Judit Oroszki, Jorg Kristijan Petrovič, Anthony Balbi, Martin Puc.

CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2024

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi cheadúnas *Creative Commons* – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta (CC BY 4.0). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine atá ag baint athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d'fhoireann na Cúirte nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, cuirfidh sé an cead ginearálta thuasluaite ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus beidh sé ráite go soiléir sa chead nua má tá aon srianta eile ann maidir le húsáid.

D'fhéadfadh sé gur gá cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh.

Fíoracha 4, 6 agus 7 – Deilbhíní: Dearadh na fíoracha seo trí acmhainní a úsáid ó Flaticon.com. © Freepik Company S.L. Gach ceart ar cosaint.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais phríobháideachais agus chóipchirt a léamh go cúramach.

Úsáid lógó CIE

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.

HTML	ISBN 978-92-849-2063-1	ISSN 2529-3370	doi:10.2865/219962	QJ-AB-24-007-GA-Q
PDF	ISBN 978-92-849-2067-9	ISSN 2529-3370	doi:10.2865/94183	QJ-AB-24-007-GA-N

Rinneamar measúnú féachaint an raibh córais éifeachtacha ag an gCoimisiún chun bainistiú agus aisghabháil a dhéanamh ar chaiteachas neamhrialta a thabhaíonn tairbhithe de chistí ón Aontas ar mhaithe le buiséad an Aontais a chosaint agus mar shlí chun a thabhairt ar na tairbhithe gan gníomhaíochtaí neamhrialta a dhéanamh sa todhchaí. Faoin mbainistíocht dhíreach agus faoin mbainistíocht indíreach, cinntíonn an Coimisiún go ndéantar taifeadadh cruinn agus pras ar chaiteachas neamhrialta, ach tógann sé rófhada air an caiteachas sin a aisghabháil. Faoin mbainistíocht chomhroinnte, inar leis na Ballstáit a luíonn an fhreagracht phríomha as caiteachas neamhrialta a thaifeadadh agus a aisghabháil, tá na rátaí aisghabhála íseal go ginearálta ach tá difríochtaí suntasacha ann ó Bhallstát go chéile.

Táimid ag moladh scrúdú a dhéanamh ar neamhrialtachtaí sistéimeacha agus feabhas a chur ar phleanáil iniúchtaí i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha. I réimse na talmhaíochta, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le dreasachtaí a thabhairt do na Ballstáit chun feabhas a chur ar rátaí aisghabhála. Ar deireadh, ba cheart don Choimisiún faisnéis iomlán a sholáthar i dtaobh an chaiteachais neamhrialta atá suite agus faoin gcaoi a ndearnadh é sin a cheartú.

Tuarascáil speisialta ón gCúirt Iniúchóirí de bhun Airteagal 287(4), an dara fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUCSAMBURG

Teil. +352 4398-1

Fiosrúcháin: eca.europa.eu/ga/contact
Suíomh Gréasáin: eca.europa.eu
Twitter: @EUAuditors